

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 229



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

14 Meitheamh 2022

Clár

I Rúin, moltaí agus tuairimí

MOLTAÍ

An Coimisiún Eorpach

2022/C 229/01 Moladh ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar ⁽¹⁾ 1

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 229/02 Rátaí malairte an euro — 13 Meitheamh 2022 6

2022/C 229/03 Fógra ón gCoimisiún maidir le rátaí úis aisghabhála státchabhrach agus rátaí tagartha/lascaine reatha is infheidhme ón 1 Iúil 2022 (Arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004) 7

FÓGRAÍ Ó BHALSTÁIT

2022/C 229/04 Nuashonrú ar an liosta de na pointí trasnaithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) 8

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2022/C 229/05	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí	13
2022/C 229/06	Foilsíú iarratas ar cheadú leasaithe, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia	18
2022/C 229/07	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair	29

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN COIMISIÚN EORPACH

MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2022

maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 229/01)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuireadh Moladh 2011/696/AE ón gCoimisiún ⁽¹⁾ i bhfeidhm mar thagairt chun a chinneadh ar cheart ábhar a mheas mar “nana-ábhar” chun críoch reachtach agus chun críoch beartais san Aontas, rud lena dtacaítear le cur chun feidhme éifeachtúil comhsheasmhach ar fud na n-earnálacha. I Moladh 2011/696/AE tagraítear d’athbhreithniú níos déanaí ar an sainmhíniú ar nana-ábhar i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an dul chun cinn eolaíoch.
- (2) Idir 2013 agus 2021 rinne an Coimisiún an t-athbhreithniú sin ar Mholadh 2011/696/AE, lenar tugadh aghaidh ar chuspóir, raon feidhme, soiléireacht agus úsáid an tsainmhíniú atá aige ar nana-ábhar. Díriodh san athbhreithniú go háirithe ar cé acu ba cheart an tairseach 50 % maidir le méid-dáileachán na gcáithníní de réir líon a mhéadú nó a laghdú agus cé acu an áireofar ábhair a bhfuil struchtúr inmheánach nó struchtúr dromchlach acu ar an nanascála, amhail ábhair nana-chomhpháirteacha choimpléascacha, lena n-áirítear ábhair nanaphóiriúla agus ábhair nana-ilchodacha a d’fhéadfaí a úsáid in earnálacha sonracha.
- (3) Na heilimintí teicniúla agus eolaíocha atá mar bhonn leis an athbhreithniú ar an sainmhíniú ar nana-ábhar i Moladh 2011/696/AE, rinneadh achoimre orthu agus foilsíodh iad i dtuarascálacha ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin maidir leis an Eolaíocht don Bheartas dar dteideal “Towards a review of the EC Recommendation for a definition of the term nanomaterial” [I dtreo athbhreithniú ar Mholadh CE maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar] Codanna 1 ⁽²⁾, 2 ⁽³⁾ agus 3 ⁽⁴⁾ i dtaca le taithí na bpáirtithe leasmhara i ndáil leis an sainmhíniú a chur chun feidhme

⁽¹⁾ Moladh 2011/696/AE ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar (IO L 275, 20.10.2011, lch. 38).

⁽²⁾ Towards a review of the EC Recommendation for a definition of the term nanomaterial [I dtreo athbhreithniú ar Mholadh CE maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar]; Cuid 1: Tiomsú faisnéise maidir leis an taithí a fuarthas leis an sainmhíniú; EUR 26567 EN; doi:10.2788/36237 (2014).

⁽³⁾ Towards a review of the EC Recommendation for a definition of the term nanomaterial [I dtreo athbhreithniú ar Mholadh CE maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar]; Cuid 2: Measúnú ar an bhfaisnéis a bailíodh maidir leis an taithí a fuarthas leis an sainmhíniú; EUR 26744 EN; doi: 10.2787/97286 (2014).

⁽⁴⁾ Towards a review of the EC Recommendation for a definition of the term nanomaterial [I dtreo athbhreithniú ar Mholadh CE maidir leis an sainmhíniú ar nana-ábhar]; Cuid 3: Meastóireacht eolaíoch-theicniúil ar roghanna chun an sainmhíniú a shoiléiriú agus chun a chur chun feidhme a éascú; EUR 27240 EN; doi:10.2788/678452 (2015)

agus le pointí féideartha athbhreithnithe a shainithint. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde dhá thuarascáil lena dtugtar treoraíocht maidir leis an sainmhíniú a chur chun feidhme ⁽⁷⁾ (8) lena n-áirítear forbairtí ábhartha maidir le caighdeánú a rinne an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) agus an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), torthaí an tionscadail NanoDefine den 7ú Clár Réime de chuid an Choimisiúin um Thaighde ⁽⁷⁾, agus tuilleadh faisnéise atá ar fáil san fhearann poiblí.

- (4) B'ábhar an chomhairliúcháin spriocdhírthe idir an 6 Bealtaine 2021 agus an 30 2021 Meitheamh iad eilimintí le haghaidh modhnuithe féideartha ar an sainmhíniú. Breithníodh ar an bhfaisnéis a fuarthas le linn an chomhairliúcháin in athbhreithniú an Choimisiúin ar an sainmhíniú ar nana-ábhar.
- (5) Sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin (SWD(2022)150) a ghabhann leis an Moladh seo, mínítear torthaí an athbhreithnithe agus torthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, an tuairisc ar na modhnuithe a rinneadh agus an réasúnaíocht a bhí leo.
- (6) Ba cheart sainmhíniú ar nana-ábhar is iomchuí i gcomhthéacs ginearálta bheartais agus reachtaíocht an Aontais ("an sainmhíniú") a mholadh, lena gcumhdófaí ábhair nádúrtha, theagmhasacha nó monaraithe.
- (7) Ba cheart an sainmhíniú a bhunú ar an gcodán coibhneasta cáithníní i raon sainithe laistigh den dáileachán cáithníní de réir líon de thoise seachtrach cáithníní comhábhartha an ábhair, gan beann ar na hairíonna bunúsacha guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith aige nó na rioscaí d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol.
- (8) I gcás inarb infheidhme, ba cheart an sainmhíniú agus a chroí-thearmaí a bhunú ar théarmaí caighdeánaithe arb ann dóibh cheana, atá sainithe ó thaobh na heolaíochta de agus atá glactha ag na pobail idirnáisiúnta (ISO, CEN). Ba cheart na croí-thearmaí a úsáidtear sa sainmhíniú leanúint de bheith sách sonrach agus ba cheart cur chun feidhme praiticiúil laistigh de chomhthéacs rialála an Aontais a chumasú leis an sainmhíniú. Ba cheart tacú leis an gcur chun feidhme le treoraíocht, treoraíocht ar cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a athraíonn an eolaíocht agus an dul chun cinn teicniúil, agus liosta á dhéanamh ar na modhanna tomhais agus ar na huirlisí dea-chleachtais a mholtar⁷.
- (9) Leis an téarma nana-ábhar, ba cheart aghaidh a thabhairt ar ábhair arb é atá iontu cáithníní ina staid sholadach, cáithníní atá i láthair ar leithligh nó nasctha mar pháirteanna comhábhartha de chumascáin nó de cheirtleáin. Ba cheart an téarma "arb é atá iontu" seachas "ina bhfuil" a úsáid chun a aithint gurb iad na cáithníní príomh-chomhpháirt an ábhair. Is cuid den (nana-ábhar) ábhar iad comhpháirteanna eile nach cáithníní iad a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. na breiseáin is gá chun a chobhsaíocht a chaomhnú nó tuaslagóirí a d'fhéadfaí a dheighilt gan difear a dhéanamh do mhéid-dáileachán na gcáithníní), ach níor cheart iad a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh an nana-ábhar é an t-ábhar.
- (10) Ba cheart cáithníní neamhsoladacha (i.e. cáithníní leachtacha agus gásacha) a eisiáimh ón sainmhíniú. Ba cheart áirithiú leis sin nach gcuirfear cosc ar an toise seachtrach a úsáid mar an gcáilitheoir sainithe sa sainmhíniú de bharr ghné an-dinimiciúil thoisí seachtracha na gcáithníní neamhsoladacha, amhail míclí nó braoiníní nanascála in eibleachtaí nó spraeanna.
- (11) Níor cheart táirgí ná comhpháirteanna móra soladacha a chumhdach leis an sainmhíniú, fiú má tá struchtúr inmheánach nó struchtúr dromchlach acu ar an nanascála, amhail bratuithe, ábhair cheirmeacha áirithe agus nana-chomhpháirteanna coimpléascacha, lena n-áirítear ábhair nanaphóiríúla agus nana-ilchodacha. D'fhéadfadh sé go ndearnadh roinnt de na táirgí nó de na comhpháirteanna sin a mhonarú trí nana-ábhair a úsáid agus d'fhéadfadh siad a bheith fós iontu.
- (12) Ba cheart an sainmhíniú leanúint de bheith de réir thuairim 2010 ó Choiste Eolaíoch an Choimisiúin um Rioscaí Sláinte Nua-aitheanta atá ag Teacht Chun Cinn (SCENIHR) ⁽⁸⁾ trí "nanascála" a shainmhíniú mar an raon méide ó 1 nm go 100 nm.

⁽⁷⁾ Forbhreathnú ar na coincheapa agus na téarmaí a úsáidtear i sainmhíniú an Choimisiúin Eorpaigh ar nana-ábhar; EUR 29647 EN; doi:10.2760/459136 (2019)

⁽⁸⁾ Nana-ábhair a shainithint trí thomhais a dhéanamh; EUR 29942 EN; doi:10.2760/053982 (2019)

⁽⁷⁾ Lámhleabhar Modhanna NanoDefine ; EUR 29876 EN; doi:10.2760/79490 (2020)

⁽⁸⁾ http://ec.europa.eu/health/scientific_committees/emerging/docs/scenihr_o_032.pdf

- (13) Níor sainaithníodh san athbhreithniú a rinneadh ar an sainmhíniú fianaise eolaíoch gur cheart an tairseach réamhshocráithe 50 % de cháithníní ag a bhfuil toisí seachtracha ar an nanascála a mhéadú nó a laghdú chun dul i ngleic le hábhair imní ar leith nó chun cineálacha sonracha ábhar a chumhdach nó a eisiamh. Ba cheart solúbthacht an luacha tairsí réamhshocráithe i gcásanna sonracha, dá bhforáiltear i Moladh 2011/696/AE, a bhaint chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas rialála a áirithiú, agus chun an cás a sheachaint ina meastar ábhar sonracha a bheith ina nana-ábhar faoi chreat rialála amháin ach nach meastar amhlaidh faoi chreat rialála eile, agus ar an gcaoi sin seachnófar éiginnteacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha, tomhaltóirí agus rialálaithe.
- (14) Ba cheart leis an sainmhíniú idir cháithníní atá ann ar leithligh agus cháithníní comhábhartha inaitheanta atá i gcumascáin nó i gceirteáin a chumhdach. Cuireadh i dtábhacht san athbhreithniú ar an sainmhíniú go bhféadfadh sé a bheith an-dúshlánach cáithníní comhábhartha i gcumascáin a shainaithint agus a thomhas. Dá bhrí sin, tá an cáilitheoir "inaitheanta" faoi cheangal ag cúinsí praiticiúla a bhaineann lena sainaithint. Ba cheart na nithe sin a mhionsaothrú a thuilleadh sa treoraíocht.
- (15) Ba cheart an téarma "cáithnín" a shainmhíniú mar mhionphíosá ábhair ag a bhfuil teorainneacha fisiciúla sainithe, agus dá bhrí sin de bhun an tsainmhínithe ar "cáithnín" a ghlactar in ISO 26824:2013. Ba cheart aon ghné theicniúil den sainmhíniú ar cháithníní, e.g. maidir lena shoghluaisteacht, a shoiléiriú a thuilleadh sa treoraíocht.
- (16) Níor cheart móilín aonair, lena n-áirítear macramóilín amhail próitéin a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná 1 nm, a mheas mar cháithnín. I gcásanna an-sonrach, d'fhéadfadh an t-idirdhealú a bheith ag brath ar thuiscint bheacht ar an téarma "móilín aonair". Ba cheart cásanna léiriúcháin agus mínithe a chur i láthair sa treoraíocht.
- (17) Thug SCENIHR le fios maidir leis an raon 1 nm go 100 nm a leagan síos, gurb é a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh air, nach measfaí líon teoranta ábhar, amhail (nanaifheadáin) feadáin a bheadh níos lú ná 1 nm ar trastomhas agus níos mó ná 100 nm ar fad, mar nana-ábhair. Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin a d'fhéadfadh a bheith ann, áiríodh sa sainmhíniú le Moladh 2011/696/AE fullairéiní, calóga graiféine agus nanaifheadáin charbóin aon bhalla a bhfuil toise seachtrach amháin nó níos mó acu faoi bhun 1 nm mar nana-ábhair. Mar sin féin, féadfaidh na saintréithe céanna méide a bheith ag ábhair eile agus atá ag na hábhair charbónbhunaithe sin. Is dócha freisin gurb é an toradh a bheidh ar an dul chun cinn eolaíoch agus ar an nuálaíocht go mbeidh tuilleadh ábhair chomhchosúla ann, rud a éileoidh nuashonrú rialta leanúnach ar raon feidhme an tsainmhínithe. Chun an méid sin a sheachaint, ba cheart a áireamh sa sainmhíniú, dá bhrí sin, na cáithníní soladacha go léir ag a bhfuil toise seachtrach amháin níos lú ná 1 nm sa líon cáithníní ar an nanascála chun iad a chur i gcomparáid leis an tairseach 50 %, má tá ar a laghad ceann amháin de thoisí eile na gcáithníní sin níos mó ná 100 nm.
- (18) Mar gheall ar a líon i bhfad níos lú i ngach cás intuartha agus ábhartha go réasúnach, ní bhíonn tionchar mór ag cáithníní ag bhfuil ar a laghad dhá thoise ortagánacha sheachtracha níos mó ná 100 µm ar rannchuidiú coibhneasta cáithníní 1 nm go 100 nm i líon iomlán na gcáithníní, agus dá bhrí sin ní dhéanann siad difear mór don aicmiú ábhar. Leis an sainmhíniú, ba cheart a fhágáil gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir le méid-dáileachán na gcáithníní de réir líon a shrianadh do cháithníní comhábhartha ag a bhfuil ar a laghad dhá thoise ortagánacha sheachtracha faoi bhun 100 µm, ar choinníoll go ndéantar an rogha a dhoiciméadú le torthaí iomchuí tomhais. Ba cheart cur i bhfeidhm praiticiúil na rogha seo a chur i láthair sa treoraíocht.
- (19) Is léir ón taithí a fuarthas⁽⁹⁾ go bhféadfaí deacrachtaí léirmhínte agus teicniúla a bheith mar thoradh ar achar dromchla sonracha a úsáid mar athróg ionadach nuair a shainaithnítear nana-ábhar, mar shampla, toisc go bhféadfadh achar dromchla sonracha ard a bheith ann mar thoradh ar nanastruchtúr inmheánach seachas líon mór cáithníní beaga comhábhartha a bheith ann. Dá bhrí sin, aithníodh san athbhreithniú ar an sainmhíniú nach raibh an rogha ghaolmhar dá bhforáiltear i bpointe 5 de Mholadh 2011/696/AE iomchuí agus gur cheart í a bhaint ó bheith ina cháilitheoir sa sainmhíniú ar nana-ábhar.
- (20) Léirigh an tionscadal NanoDefine⁹ de réir sraith mhór ábhar tionsclaíoch éagsúil, nach raibh aon neamhréireacht in aicmiú na n-ábhar nach nana-ábhair iad, de réir luach airmheánach a chinntear ó mhéid-dáileachán cáithníní de réir líon agus ar an achar dromchla saintoirte atá níos lú ná 6 m²/cm³ (fiú más rud é nach eol cruth na gcáithníní), faoi seach. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas gur nana-ábhar é ábhar ag a bhfuil achar dromchla saintoirte níos lú ná 6 m²/cm³.

⁽⁹⁾ NanoDefine, Evaluation report on the applicability ranges of the volume specific surface area (VSSA) method and the quantitative relation to number-based particle size distribution for real-world samples, Deliverable number 3.5, 2015 and Reliable nanomaterial classification of powders using the volume-specific surface area method", [Tuarascáil Mheastóireachta ar raonta infheidhmeachta an mhodha maidir le achar dromchla saintoirte (VSSA) agus an gaol cainníochtúil le méid-dáileachán cáithníní de réir líon i gcás fíorshamplaí, toradh insoláthartha 3.5, 2015 agus aicmiú nana-ábhar iontaofa ar phúdair ag baint úsáide as an modh maidir le achar dromchla saintoirte], J Nanopart Res 19, 61 (2017); DOI: 10.1007/s11051-017-3741-x

- (21) Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar nana-ábhar i Moladh 2011/696/AE a thabhairt cothrom le dáta.
- (22) Tá dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil fós á dhéanamh agus d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don réasúnaíocht taobh thiar de na heilimintí a úsáidtear chun nana-ábhar a shainaithint. Ba cheart athbhreithniú ar an sainmhíniú a bhreithniú, dá bhrí sin, aon uair a léiríonn fianaise eolaíoch nua nó taithe rialála nach leor an sainmhíniú a thuilleadh.
- (23) Níor cheart leis an sainmhíniú difear a dhéanamh do raon feidhme chur i bhfeidhm aon ionstraime de chuid reachtaíocht an Aontais ná aon fhoráil lena leagtar síos, do ghrúpa ábhar, ceanglais bhreise nó ceanglais shonracha (lena n-áirítear iad siúd le haghaidh na sábháilteachta) ná léiriú a dhéanamh ar na nithe sin. D'fhéadfaí a mheas i gcásanna áirithe gur gá ábhair áirithe a eisiáil ó raon feidhme cur i bhfeidhm reachtaíochta sonraí nó forálacha reachtacha, fiú más nana-ábhair iad de réir an Mholta seo. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí a mheas gur gá ceanglais rialála a fhorbairt le haghaidh ábhair bhreise nach dtagann faoi shainmhíniú an Mholta seo, i raon feidhme chur i bhfeidhm reachtaíocht shonrach de chuid Aontais nó forálacha reachtacha lena ndírítear ar nana-ábhair. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an reachtaíocht sin, áfach, idirdhealú a dhéanamh idir “nana-ábhar” agus ball d'fhoghrúpa den sórt sin chun comhsheasmhacht a choinneáil ar bun leis an sainmhíniú agus, dá bhrí sin, le reachtaíocht eile.
- (24) Féadfaidh an sainmhíniú sa Mholadh seo freastal ar chríocha éagsúla beartais, reachtacha agus taighde agus aghaidh á tabhairt ar ábhair nó ar shaincheisteanna a bhaineann le táirgí nanaitheicneolaíochtaí. Féadfar é a úsáid fiú i ngníomh eile lena dtugtar sainmhíniú ar nana-ábhar le haghaidh beartas cothrománach agus le haghaidh úsáid reachtach arna nglacadh ag an gCoimisiún nó ag reachtóir an Aontais, agus sa chás sin chuirfí an gníomh sin in ionad an Mholta seo.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. Ciallaíonn “nana-ábhar” ábhar nádúrtha, teagmhasach nó monaraithe arb é atá ann cáithníní soladacha, cáithníní atá ann ina n-aonair nó mar cháithníní comhábhartha i gcumascáin nó i gceirtleáin, agus i gcás ina gcomhlíonann 50 % nó níos mó de na cáithníní sin, de réir mhéid-dáileachán na gcáithníní de réir líon, ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá ceann amháin nó níos mó de thoisí seachtracha na gcáithníní sa raon méide idir 1 nm agus 100 nm;
 - (b) tá cruth fadaíthe ag an gcáithnín, amhail slat, snáithín nó feadán, ag a bhfuil dhá thoise sheachtracha níos lú ná 1 nm agus ar mó an toise eile ná 100 nm;
 - (c) tá cruth de chineál pláta ar an gcáithnín, ag a bhfuil toise seachtrach amháin níos lú ná 1 nm agus ar mó na toisí eile ná 100 nm.Agus méid-dáileachán na gcáithníní de réir líon á gcinneadh, ní gá cáithníní ag a bhfuil ar a laghad dhá thoise ortagánacha sheachtracha ar mó iad ná 100 µm a chur san áireamh.

Dá bhrí sin, ní mheasfar gur nana-ábhar é ábhar ag a bhfuil achar dromchla saintoirte $< 6 \text{ m}^2/\text{cm}^3$.
2. Chun críocha phointe 1, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “cáithnín” mionphíosa ábhair ag a bhfuil teorainneacha fisiciúla sainithe; Ní mheastar gur “cáithníní” iad móilíní aonair;
 - (b) ciallaíonn “cumascán” cáithnín comhdhéanta de cháithníní dlúth-tháite nó comhleáite;
 - (c) ciallaíonn “ceirtleán” bailiúchán cáithníní nó cumascán atá lagcheangailte i gcás ina bhfuil an t-achar dromchla seachtrach atá mar thoradh air comhchosúil le suim achair dromchla na gcomhpháirteanna aonair.
3. Moltar go n-úsáidfear an sainmhíniú ar an téarma “nana-ábhar” a leagtar amach sa mholadh is déanaí nó i ngníomh eile lena dtugtar sainmhíniú ar nana-ábhar le haghaidh beartas cothrománach agus úsáid reachtach arna ghlacadh ag an gCoimisiún nó ag reachtóir an Aontais agus aghaidh á tabhairt ar ábhair nó ar shaincheisteanna a bhaineann le táirgí nanaitheicneolaíochtaí:
 - (a) le linn don Choimisiún reachtaíocht, cláir bheartais nó cláir taighde a ullmhú agus le linn dó reachtaíocht nó cláir den sórt sin a chur chun feidhme le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

- (b) le linn do na Ballstáit reachtaíocht, cláir bheartais nó cláir taighde a ullmhú, agus reachtaíocht nó cláir den sórt sin á gcur chun feidhme acu;
- (c) le linn d'oibreoirí eacnamaíocha a mbeartais agus a dtaighde féin a ullmhú agus a dhéanamh.

4. Déantar Moladh 2011/696/AE a thabhairt cothrom le dáta leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

13 Meitheamh 2022

(2022/C 229/02)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0455	CAD	dollar Cheanada	1,3435
JPY	yen na Seapáine	140,51	HKD	dollar Hong Cong	8,2071
DKK	krone na Danmhairge	7,4397	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6635
GBP	punt steirling	0,85850	SGD	dollar Shingeapór	1,4538
SEK	krona na Sualainne	10,6160	KRW	won na Cóiré Theas	1 349,93
CHF	franc na hEilvéise	1,0375	ZAR	rand na hAfraice Theas	16,8070
ISK	króna na hÍoslainne	138,70	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,0434
NOK	krone na hIorua	10,3222	HRK	kuna na Cróite	7,5215
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	15 376,17
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,724	MYR	ringgit na Malaeisia	4,6195
HUF	forint na hUngáire	399,30	PHP	peso na nOileán Filipíneach	55,720
PLN	zloty na Polainne	4,6373	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9459	THB	baht na Téalainne	36,425
TRY	lira na Tuirce	18,0495	BRL	real na Brasaíle	5,2785
AUD	dollar na hAstráile	1,4998	MXN	peso Mheicsiceo	21,2102
			INR	rúipí na hIndia	81,6060

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

Fógra ón gCoimisiún maidir le rátaí úis aisghabhála státhabhrach agus rátaí tagartha/lascaine reatha is infheidhme ón 1 Iúil 2022

(Arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ⁽¹⁾ an 21 Aibreán 2004

(2022/C 229/03)

Bunrátaí arna ríomh i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an modh chun na rátaí tagartha agus lascaine a shocrú (IO C 14, 19.1.2008, lch. 6.). De réir úsáid an ráta tagartha, tá na corrlaigh iomchuí fós le cur isteach mar a shainítear sa teachtaireacht seo. Maidir leis an ráta lascaine ciallaíonn sé nach mór corrlach 100 bonnphointe a chur leis. Le Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 an 30 Eanáir 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 foráiltear gurb amhlaidh, mura bhforáiltear maidir lena mhalairt i gcinneadh sonracha, a ríomhfar an ráta téarnaimh freisin trí 100 bonnphointe a chur leis an mbunráta.

Léirítear na rátaí modhnaithe i gcló trom.

Tá an tábla roimhe seo foilsithe in IO C 192, 11.5.2022, lch 91.

ó	go	AT	BE	BG	CY	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LU	LV	MT	NL	PL	PT	RO	SE	SI	SK	UK
1.7.2022	...	0,02	0,02	0,00	0,02	5,73	0,02	0,44	0,02	0,02	0,02	0,02	0,02	0,26	6,24	0,02	0,02	0,02	0,02	0,02	0,02	0,02	5,81	0,02	5,10	0,50	0,02	0,02	1,19
1.6.2022	30.6.2022	-0,19	-0,19	0,00	-0,19	4,85	-0,19	0,24	-0,19	-0,19	-0,19	-0,19	-0,19	0,26	6,24	-0,19	-0,19	-0,19	-0,19	-0,19	-0,19	-0,19	4,88	-0,19	4,40	0,22	-0,19	-0,19	1,02
1.5.2022	31.5.2022	-0,35	-0,35	0,00	-0,35	4,85	-0,35	0,08	-0,35	-0,35	-0,35	-0,35	-0,35	0,26	5,40	-0,35	-0,35	-0,35	-0,35	-0,35	-0,35	-0,35	4,06	-0,35	3,38	0,08	-0,35	-0,35	0,86
1.4.2022	30.4.2022	-0,49	-0,49	0,00	-0,49	4,00	-0,49	0,00	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	0,26	4,66	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	3,42	-0,49	3,38	-0,01	-0,49	-0,49	0,66
1.3.2022	31.3.2022	-0,49	-0,49	0,00	-0,49	4,00	-0,49	-0,03	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	0,26	4,02	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	2,85	-0,49	2,74	-0,04	-0,49	-0,49	0,66
1.2.2022	28.2.2022	-0,49	-0,49	0,00	-0,49	3,29	-0,49	-0,03	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	0,26	3,17	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	2,04	-0,49	2,74	-0,05	-0,49	-0,49	0,66
1.1.2022	31.1.2022	-0,49	-0,49	0,00	-0,49	2,49	-0,49	-0,01	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	0,26	2,38	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	-0,49	1,21	-0,49	2,27	-0,03	-0,49	-0,49	0,51

⁽¹⁾ IO L 140, 30.4.2004, lch. 1.

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Nuashonrú ar an liosta de na pointí trasnaithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ⁽¹⁾

(2022/C 229/04)

An liosta de na pointí trasnaithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ⁽²⁾, foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

LIOSTA DE NA POINTÍ TRASNAITHE TEORANN**AN FHRAINIC**

Le cur in ionad na faisnéise a foilsíodh in IO C 483, 1.12.2021, lch. 19.

Teorainneacha aeir

- (1) Ajaccio-Napoléon-Bonaparte
- (2) Albert-Bray
- (3) Angers-Marcé
- (4) Angoulême-Brie-Champniers
- (5) Annecy-Methet
- (6) Auxerre-Branches
- (7) Avignon-Caumont
- (8) Bâle-Mulhouse
- (9) Bastia-Poretta
- (10) Beauvais-Tillé
- (11) Bergerac-Dordogne-Périgord
- (12) Béziers-Vias
- (13) Biarritz-Pays Basque
- (14) Bordeaux-Mérignac
- (15) Brest-Bretagne
- (16) Brive-Souillac
- (17) Caen-Carpiquet
- (18) Calais-Dunkerque
- (19) Calvi-Sainte-Catherine

⁽¹⁾ Féach ar liosta na bhfoilseachán roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.

⁽²⁾ IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

- (20) Cannes-Mandelieu
- (21) Carcassonne-Salvaza
- (22) Châlons-Vatry
- (23) Chambéry-Aix-les-Bains
- (24) Châteauroux-Déols
- (25) Cherbourg-Mauperthus
- (26) Clermont-Ferrand-Auvergne
- (27) Colmar-Houssen
- (28) Deauville-Normandie
- (29) Dijon-Longvic
- (30) Dinard-Pleurtuit-Saint-Malo
- (31) Dôle-Tavaux
- (32) Epinal-Mirecourt
- (33) Figari-Sud Corse
- (34) Grenoble-Alpes-Isère
- (35) Hyères-le Palivestre
- (36) Paris-Issy-les-Moulineaux
- (37) La Môle-Saint-Tropez (Oscailt bhliantúil ón 1 Iúil go dtí an 15 Deireadh Fómhair)
- (38) La Rochelle-Ile de Ré
- (39) La Roche-sur-Yon
- (40) Laval-Entrammes
- (41) Le Castellet (Oscailt bhliantúil ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Iúil. Oscailte go heisceachtúil ón 22 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022)
- (42) Le Havre-Octeville
- (43) Le Mans-Arnage
- (44) Le Touquet-Côte d'Opale
- (45) Lille-Lesquin
- (46) Limoges-Bellegarde
- (47) Lorient-Lann-Bihoué
- (48) Lyon-Bron
- (49) Lyon-Saint-Exupéry
- (50) Marseille-Provence
- (51) Metz-Nancy-Lorraine
- (52) Monaco-Héliport
- (53) Montpellier-Méditerranée
- (54) Nantes-Atlantique
- (55) Nice-Côte d'Azur
- (56) Nîmes-Garons
- (57) Orléans-Bricy
- (58) Orléans-Saint-Denis-de-l'Hôtel
- (59) Paris-Charles de Gaulle
- (60) Paris-le Bourget
- (61) Paris-Orly
- (62) Pau-Pyrénées

- (63) Perpignan-Rivesaltes
- (64) Poitiers-Biard
- (65) Quimper-Pluguffan (ar oscailt ó thús mhí na Bealtaine go dtí tús mhí Mheán Fómhair)
- (66) Rennes Saint-Jacques
- (67) Rodez-Aveyron
- (68) Rouen-Vallée de Seine
- (69) Saint-Brieuc-Armor
- (70) Saint-Etienne Loire
- (71) Saint-Nazaire-Montoir
- (72) Strasbourg-Entzheim
- (73) Tarbes-Lourdes-Pyrénées
- (74) Toulouse-Blagnac
- (75) Toulouse-Francazal
- (76) Tours-Val de Loire
- (77) Troyes-Barberey
- (78) Valence – Chabeuil (ón 1 Meitheamh 2021)

Teorainneacha mara

- (1) Ajaccio
- (2) Bastia
- (3) Bayonne
- (4) Bordeaux
- (5) Boulogne
- (6) Brest
- (7) Caen-Ouistreham
- (8) Calais
- (9) Cannes-Vieux Port
- (10) Carteret
- (11) Cherbourg
- (12) Dieppe
- (13) Douvres
- (14) Dunkerque
- (15) Granville
- (16) Honfleur
- (17) La Rochelle-La Pallice
- (18) Le Havre
- (19) Les Sables-d'Olonne-Port
- (20) Lorient
- (21) Marseille
- (22) Monaco-Port de la Condamine
- (23) Nantes-Saint-Nazaire
- (24) Nice
- (25) Port-de-Bouc-Fos/Port-Saint-Louis

- (26) Port-la-Nouvelle
- (27) Port-Vendres
- (28) Roscoff
- (29) Rouen
- (30) Saint-Brieuc
- (31) Saint-Malo
- (32) Sète
- (33) Toulon

Teorainneacha talún

- (1) Stáisiún traenach Bourg Saint Maurice (ar oscailt ó thús mhí na Nollag go dtí lár mhí Aibreáin)
- (2) Stáisiún traenach Moutiers (ar oscailt ó thús mhí na Nollag go dtí lár mhí Aibreáin)
- (3) Stáisiún traenach idirnáisiúnta Ashford
- (4) Cheriton/Coquelles
- (5) Stáisiún traenach Chessy-Marne-la-Vallée
- (6) Stáisiún traenach Fréthun
- (7) Stáisiún traenach Lille-Europe
- (8) Stáisiún traenach Paris-Nord
- (9) Stáisiún traenach St-Pancras
- (10) Stáisiún traenach Ebbsfleet
- (11) Pas de la Case-Porta
- (12) Stáisiún traenach - aerfoirt Roissy TGV

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo.

IO C 247, 13.10.2006, lch. 25.
IO C 77, 5.4. 2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 22.
IO C 164, 18.7.2008, lch. 45.
IO C 316, 28.12.2007, lch. 1.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 16.
IO C 177, 12.7.2008, lch. 9.
IO C 200, 6.8.2008, lch. 10.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 3, 8.1.2009, lch. 10 .
IO C 37, 14.2.2009, lch. 10.
IO C 64, 19.3.2009, lch. 20.
IO C 99, 30.4.2009, lch. 7.
IO C 229, 23.9.2009, lch. 28.
IO C 263, 5.11.2009, lch. 22.
IO C 298, 8.12.2009, lch. 17 .
IO C 74, 24.3.2010, lch. 13.
IO C 326, 3.12.2010, lch. 17.
IO C 355, 29.12.2010, lch. 34.
IO C 22, 22.1.2011, lch. 22.

IO C 37, 5.2.2011, lch. 12.
IO C 149, 20.5.2011, lch. 8.
IO C 190, 30.6.2011, lch. 17.
IO C 203, 9.7.2011, lch. 14.
IO C 210, 16.7.2011, lch. 30.
IO C 271, 14.9.2011, lch. 18.
IO C 356, 6.12.2011, lch. 12.
IO C 111, 18.4.2012, lch. 3.
IO C 183, 23.6.2012, lch. 7.
IO C 313, 17.10.2012, lch. 11.
IO C 394, 20.12.2012, lch. 22.
IO C 51, 22.2.2013, lch. 9.
IO C 167, 13.6.2013, lch. 9.
IO C 242, 23.8.2013, lch. 2.
IO C 275, 24.9.2013, lch. 7.
IO C 314, 29.10.2013, lch. 5.
IO C 324, 9.11.2013, lch. 6.
IO C 57, 28.2.2014, lch. 4.
IO C 167, 4.6.2014, lch. 9.
IO C 244, 26.7.2014, lch. 22.

IO C 332, 24.9.2014, lch. 12.

IO C 420, 22.11.2014, lch. 9.

IO C 72, 28.2.2015, lch. 17.

IO C 126, 18.4.2015, lch. 10.

IO C 229, 14.7.2015, lch. 5.

IO C 341, 16.10.2015, lch. 19.

IO C 84, 4.3.2016, lch. 2.

IO C 236, 30.6.2016, lch. 6.

IO C 278, 30.7.2016, lch. 47.

IO C 331, 9.9.2016, lch. 2.

IO C 401, 29.10.2016, lch. 4.

IO C 484, 24.12.2016, lch. 30.

IO C 32, 1.2.2017, lch. 4.

IO C 74, 10.3.2017, lch. 9.

IO C 120, 13.4.2017, lch. 17.

IO C 152, 16.5.2017, lch. 5.

IO C 411, 2.12.2017, lch. 10.

IO C 31, 27.1.2018, lch. 12.

IO C 261, 25.7.2018, lch. 6.

IO C 264, 26.7.2018, lch. 8.

IO C 368, 11.10.2018, lch. 4.

IO C 459, 20.12.2018, lch. 40.

IO C 43, 4.2.2019, lch. 2.

IO C 64, 27.2.2020, lch. 17.

IO C 231, 14.7.2020, lch. 2.

IO C 58, 18.2.2021, lch. 35.

IO C 81, 10.3.2021, lch. 27.

IO C 184, 12.5.2021, lch. 8.

IO C 219, 9.6.2021, lch. 9.

IO C 279, 13.7.2021, lch. 4.

IO C 290, 20.7.2021, lch. 10.

IO C 380, 20.9.2021, lch. 3.

IO C 483, 1.12.2021, lch. 19.

IO C 201, 18.5.2022, lch. 82.

V

(Fógairtí)

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2022/C 229/05)

Bronntar leis an bhfoilseachán seo an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“VACA GALLEGA – BUEY GALLEGO”

Uimh. AE: PGI-ES-02308 – 27.4.2017

STFC () TGFC (X)

1. Ainm

“Vaca Gallega – Buey Gallego”

2. Ballstát nó tríú tír

An Spáinn

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia

3.1. Cineál táirge

Aicme 1.1. Feoil úr agus scairteach

3.2. Tuairisc ar an táirge a bhfuil an t-ainm in (1) ag tagairt dó

Faoi úr ó bha na Gailíse agus ó bhulláin fhionna agus dhonna na Gailíse (Cachena, Caldelana, Frieresa, Limiana agus Vianesa), póirthe Asturias de los Valles, Limousin, Blonde d'Aquitaine, Freaslannach, agus Alpach Donn, cibé acu póirthe olaíochta nó crosphóirthe iad.

Déantar idirdhealú idir na cineálacha ainmhithe seo a leanas ar bhonn a ngnéis, a n-aoise agus an chórais táirgthe:

a) Ba: baineannaigh a raibh gamhain acu ar a laghad uair amháin sular maraíodh iad. Tá a gcuid feola idir dearg agus caordhearg, agus geir bhreá ina ribíní tanaí tríthi. Tá an tsail idir dath bán an uachtair agus bánbhuí, agus uigeacht dháingean aici agus snáithíní inti atá daingean lena dtadhall.

— Cruth conablaigh: E, U, R agus O (cé is moite de O-). I gcás gur ó eallaí de phór donn na Gailíse na conablaigh, ní bheidh an cruth ábhartha.

— Méid bhrat na saille: 5, 4 agus 3.

(¹) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

- b) Bulláin: fireannaigh a choilltear sula mbaineann siad 1 bhliain d'aois amach agus atá níos sine ná 48 mí d'aois tráth an mharaith. Tá dath idir dearg agus deargchorra ar a gcuid feola, agus í marmaraithe go suntasach. Tá dath na saille idir geal bán agus buí, tá uigeacht dhaingean inti agus snáithíní atá daingean lena dtadhall.

— Cruth conablaigh: E, U agus R.

— Méid bhrat na saille: 5 agus 4.

Tá boladh saille ainmhíche ag feoil "Vaca Gallega – Buey Gallego" mar gheall ar a brat saille (tá an meánchéatadán saille ionmhataí sna conablaigh níos mó ná 5,6 %); tá sé bog agus súmhar sa bhéal agus blas láidir fada feola uirthi agus iarbhlas beagán aigéadach uirthi.

Ní mór na conablaigh, na ceathrúna, an luan agus na gearrthacha eile atá beartaithe le haghaidh filléadaithe agus le díol leis an tomhaltóir úr agus de réir an ghearrtha a bheith curtha i láthair agus iad fuaraithe. Caillfidh siad cosaint TGFC má dhéantar iad a reo.

Féadfar an focal 'selección' a úsáid chun lipéadú a dhéanamh ar fheoil arna cumhdach ag TGFC ó chonablaigh 'Vaca Gallega' agus 'Buey Gallego' araon, ar feoil í atá suntasach mar gheall ar mhéid an mharmaraithe agus dath crócbhuí bhrat na saille orthu agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

— Cruth conablaigh: E, U agus R+.

— Méid bhrat na saille: 5 agus 4+.

3.3. *Beatha (le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch amháin)*

Le linn a saol táirgthe, tá beatha na mbó agus na mbullán bunaithe ar fhéarach, ar fharae úr (féar agus gránaigh) agus ar fharae caomhnaithe (féar sadhlais, arbhar Indiach sadhlais agus féar tirim), arna fhorlíonadh le gráin, prátaí, tornapaí, tuí agus beatha cumaisc.

Tá aeráid éadrom an Atlantaigh i bhfabhar úsáid fhlúirseach luath a bhaint as farae ardphuinnimh agus ar ardchaighdeán próitéine, rud a chinntíonn soláthar beatha na n-ainmhithe. Cuirtear san áireamh freisin nach mór nach sáraíonn an meándlús bliantúil stocála 2 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta a úsáidtear le haghaidh feirmeoireachta.

Ní mór go dtagann formhór an fharae a úsáidtear ón ngabháltas féin agus ar a laghad 80 % de ón limistéar geografach atá cumhdaithe faoin TGFC. Cuimsítear sna speicis atá le fáil i móinéir na Gailíse féara den chuid is mó (feisciú, muiríneach, cuiisí, seagalacha agus garbhfhéar) agus, cé nach mbíonn siad chomh fairsing céanna, léagúim (seamair agus crobh éin). Forlíontar ionchur fuinnimh na beatha le harbhar Indiach sadhlais aibí agus neamhaibí agus le min ghránach.

Le linn na céime críochnaithe, féadfar aiste bia na n-ainmhithe a fhorlíonadh le beatha cumaisc, suas le huasmhéid 1 kg d'ábhar tirim in aghaidh an lae agus meánmheáchan beo 100 kg le linn na céime sin. Ní mór beatha den sórt sin a bheith déanta as amháibhair de bhunadh plandaí. Ní mór ar a laghad 80 % de ghránaigh agus de dhíorthaigh arbhair, léagúm agus olashíolta a bheith ann. Tá toirmeasc sainráite ar úsáid táirgí a d'fhéadfadh cur isteach ar ghnáthrata fáis na mbó agus na mbullán, agus ar úsáid seachtáirgí ainmhithe athchúrsáilte.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór breith, tógáil, ramhrú agus marú na mbó agus na mbullán agus gearradh na gconablaigh tarlú sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar an táirge a bheith aosaithe, filléadaithe, pacáistithe agus lipéadaithe i ngléasraí próiseála feola atá cláraithe leis an mBord Rialála nó i mbunaíochtaí a bhfuil comhaontú comhair sínithe acu cheana leis an mBord Rialála a chumhdaíonn rialú, lipéadú agus margú an táirge faoi chosaint.

3.6. *Sainrialacha i leith lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an t-ainm cláraithe 'Vaca Gallega – Buey Gallego' agus an lógó TGFC seo a leanas a bheith ar gach conablaigh, ceathrú, gearradh agus cuid:



Ní mór na focail ‘Vaca Gallega’ nó ‘Buey Gallego’ (ag brath ar an gcineál feola) a bheith ar gach lipéad sa réimse radhairc céanna leis an ainm cláraithe agus an lógó TGFC, mar a thaispeántar thíos:



4. Sainmhíniú gonta ar an limistéar geografach

Is é atá sa limistéar geografach atá cumhdaithe ag an tásc geografach faoi chosaint ‘Vaca Gallega – Buey Gallego’ Comhphobal Féinrialaitheach iomlán na Gailíse.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Bunaítear an nasc idir an limistéar geografach agus feoil ‘Vaca Gallega – Buey Gallego’ ar shaintréithe sonracha an táirge agus neartaítear é de bharr a cháile.

Tréithe fisiceacha agus tosa nádúrtha sa limistéar geografach

Tá baint stairiúil ag tógáil agus ramhrú bó agus bullán atá oiriúnach do tháirgeadh ‘Vaca Gallega – Buey Gallego’ le timpeallacht gheografach shonrach na Gailíse, go háirithe mar gheall ar a hithir agus a dálaí aeráide le haghaidh táirgeadh foráiste.

Is iad réchnoic agus sléibhte ísle is mó atá i dtírdhreach na Gailíse, agus is annamh a bhíonn siad níos airde ná 800 m, measctha le gleannta foscúla, rud a fhágann gur féidir iad a chur ar féarach ó cheann ceann na bliana. Tá siad seo uiscithe ag líonra mór aibhneacha a sholáthraíonn uisce le haghaidh uisciúcháin agus do na ba agus do na bulláin le hól. Tá an t-uisce sách ard i sóidiam agus clóirídí, ach íseal i gcalciam, maignéisiam agus síleacan.

Tá na hithreacha den chuid is mó ar charraigeacha eibhreacha, siostaí agus scealla, arb iad is sainairionna a n-aigéadacht agus a méid ard ábhair orgánaigh. Tá an aeráid measartha le tionchar láidir aigéin, agus sonraítear ann teochtaí éadroma (meán ualaithe níos mó ná 13 °C) agus deascadh flúirseach (os cionn 1 100 mm/bliain).

Tá flóra an-éagsúil mar thoradh ar na dálaí timpeallachta seo, ina bhfuil heimicriptifítí den chuid is mó, agus formhór na speiceas aigéadaifileach atá oiriúnaithe go háitiúil. Go háirithe, is iad seo na speicis móinéir nádúrtha, go háirithe féara (go príomha feisciú, muiríneach, cuisí, seagalacha agus garbhfhéar) agus chomh maith leis sin léagúim (seamair agus crobh éin), agus go leor éicitiopaí ann agus cineálacha le bonn géiniteach dúchasach. Bíonn siad faoi bhláth sa cheantar agus tá luach orthu de bharr go bhfuil siad curtha in oiriúint dó.

Cuireann na dálaí nádúrtha seo táirgeadh foráiste chun cinn agus cuireann siad ar chumas na ba agus na bulláin a chothú, den chuid is mó, ar acmhainní an ghabháilais féin.

Tosca stairiúla agus daonna

Téann tógáil bó agus bullán sa Ghailís siar go dtí an ré réamhstairiúil. Ón 12ú haois ar aghaidh, forbraíodh samhail táirgthe inar ionchorpraíodh ba agus bulláin de réir a chéile i bhfeidhmiú feirmeacha teaghlaigh. Tá a tábhacht le feiceáil ón 18ú haois, nuair a d'oibrigh ba agus bulláin sna páirceanna agus ag deireadh a saoil rinneadh iad a ramhrú le haghaidh feola. Idir an 16ú agus an 20ú haois, tógadh trian d'eallach na Spáinne sa Ghailís.

I lár an 20ú haois, mar gheall ar chruatan na tréimhse iarchogaidh leanadh ar aghaidh leis na cleachtais táirgthe thraidisiúnta mar mhodh marthanais, rud a chiallaigh go ndearnadh príomhghné chaighdeán an táirge seo a chaomhnú, eadhon modh áirithe ramhraithe, ag úsáid acmhainní áitiúla. Tá tógáil beostoic bunaithe ar fheirmeacha beaga teaghlaigh a choinníonn an tsiombóis idir beostoc, talamh agus daoine agus atá tiomanta do na cleachtais beathaithe agus bainistíochta chúramacha a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Go hachomair, léirigh staraithe rún na mbó agus na mbullán seo: déantar táirgeoirí beaga agus tréada beaga, ainmhithe a oibríonn sna páirceanna – ach gan barraíocht oibre a dhéanamh – agus, a bhíonn i stalláí ag deireadh a saoil oibre, a ramhrú go cúramach ar fhéar móinéir úir agus ar bheatha eile. Leis an modh ramhraithe seo, ina gcuimsítear cúram na mbó agus na mbullán chomh maith le haclaíocht mheasartha agus a tháinig chun bheith de réir a chéile go forleathan ar fud an réigiúin ar fad, agus fianaise de ag síneadh siar na céadta bliain, déantar caighdeán deiridh na feola a fheabhsú agus cabhraíonn sé chun í a idirdhealú. Ba é a cháil, chomh luath agus is sa 18ú agus sa 19ú haois, gur chuir go leor saineolaithe, amhail Martín Sarmiento, N. Casas agus R. Jordana y Morera, an Ghailís agus a feirmeoirí beostoic i láthair mar shampla don chuid eile den Spáinn: *gabháilais bheaga ina gcuirtear talmhaíocht agus tógáil beostoic le chéile chun saibhreas a chruthú, chun an talamh a phobalú agus an beostoc agus an fheoil is fearr sa ríocht a tháirgeadh*.

Tá an córas táirgthe is coitianta leathfhairsing mar gheall ar a chomhoiriúnacht le tír-raon na Gailíse agus cineál an mhéid ilroinnte agus cineál na bhfeirmeacha ar scála beag. Is iondúil go mbíonn na ba agus na bulláin ar féarach i rith an lae agus coimeádtar iad i stáblaí san oíche, áit a dtugtar breis beatha dóibh.

Teastaíonn tréimhse chríochnaithe 6 mhí ar a laghad ó na ba agus na bulláin sula maraítear iad d'fhonn a ramhrú a thabhairt chun críche. Sin é an fáth, de réir thraidisiún na Gailíse, go gcoimeádtar na hainmhithe i stáblaí – nó go bhfuil a gcuid gluaiseachtaí sa pháirc teoranta ar a laghad – sula maraítear iad.

Saintréithe sonracha an táirge

Tá meánchéatadán saille ionmhatánaí conablach 'Vaca Gallega – Buey Gallego' os cionn 5,6 %, atá i bhfad níos airde ná meánluachanna conablach bó agus bullán eile. Meastar gur toisc dhearfach í seo atá rithábachtach do chaighdeán céadfach na feola (a blas, a boige, a súmhaireacht agus a blastacht).

Tá próifíl mhaith lipide ag feoil "Vaca Gallega – Buey Gallego", arb é is príomhthréith í an cion ard aigéad sailleach mona-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe atá inti. Thairis sin, tá an cóimheas aigéid shailligh n-6/n-3 sármhaith mar atá sé ar an meán faoi bhun 2,05.

Nasc cúiseach idir an limistéar geografach, tosca daonna agus saintréithe sonracha an táirge

Athraíonn modhanna táirgthe feola sa Ghailís timpeall ar chóras measctha ina ndéantar malartú idir féarach agus beathú i stalláí. Baineann na gabháilais úsáid as a n-acmhainní beatha féin agus barrachais fómhair, ag táirgeadh feoil mharmarach a sheasann amach as a saintréithe agus a cáilíocht chéadfach.

Is éard atá sa bheatha ná farae agus féara agus léagúim an-táirgiúla go príomha a bhfuil meas ar a n-éiceachórais agus ar a gcineálacha maidir lena n-oiriúnú don timpeallacht áitiúil. Ciallaíonn sé seo, mar aon leis an íostréimhse chríochnaithe 6 mhí ina ndéantar ionchur fuinnimh bheatha na mbó agus na mbullán a fhorlíonadh le harbhar Indiach sadhlais aibí agus neamhaibí, le min ghránach agus le beatha cumaisc freisin, go bhfuil an céatadán thuasluaite de shail ionmhatánach i gconablaigh "Vaca Gallega – Buey Gallego", atá níos airde ná meánluachanna conablach eile.

Is é an gnáthamh a bhaineann le ligean do na heallaigh a bheith ar féarach, agus cuimsítear sa bheatha farae a dtáirgtear 80 % de ar a laghad sa Ghailís, áit a bhfuil speicis féir aigéadaifileacha dúchasacha ann den chuid is mó, agus áit a dtugann comhdhéanamh ceimiceach uisce an réigiúin próifíl mhaith lipide do “Vaca Gallega – Buey Gallego” ina bhfuil líon mór aigéad sailleach mona-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe i gcomparáid le haigéid shailleacha sháithithe. Tugann na tosca seo boladh saille ainmhíche don fheoil freisin, blas láidir fada feola uirthi agus iarbhlas beagán aigéadach uirthi atá tipiciúil den táirge faoi chosaint.

Bunaítear an nasc idir an limistéar geografach agus saintréithe an táirge sa Tuarascáil lena ndeimhnítear an nasc idir an limistéar geografach agus cáilíocht fheoil bha agus bhulláin na Gailíse, arna dtarraingt suas ag an Fundación Centro Tecnológico da Carne (11.4.2016).

Cáil

Is mór ag tomhaltóirí feoil “Vaca Gallega – Buey Gallego” agus déantar tagairt di go minic i dtéacsanna cócaireachta ón 19ú haois agus ón 20ú haois. Sa bhliain 1878 dúirt Museros y Rovira: “*Tá a cuid feola trua agus tá blas fíorálainn uirthi mar gheall ar an mbeatha a tugadh di.*” Sa bhliain 1894 rinne Ángel Muro, an saineolaí bia is mó riamh i stair cócaireachta na Spáinne, cur síos air mar seo: “*Mairteoil ar ardchaighdeán ó bhó nó ó bhullán, ar a bhfuil dath saibhir, dúdhearg, agus féitheacha inti cosúil le marmar.*”

I gcás go leor saineolaithe, tá an fheoil seo ar cheann de ghrúpa feolta roghnaithe a mheastar ar an gcuid is fearr ar domhan, i mbúistéirí deilí agus san earnáil cócaireachta *haute cuisine* i go leor tíortha. (Ar a shuíomh gréasáin www.stephanedecotterd.com thug an cócaire Stéphane Decotterd faoi deara “Le bœuf de Galice, la meilleure viande du monde?” [“Mairteoil na Gailíse: an fheoil is fearr ar domhan?”], a foilsíodh an 11.2.2017, agus in *El Mundo* scríobh an t-iriseoir Manuel Darriba alt dar teideal “El buey gallego. 1 600 kilos de la mejor carne del mundo” [“Bulláin na Gailíse: 1 600 cileagram den fheoil is fearr ar domhan”], a foilsíodh an 8.11.2009.) Is táirge é feoil “Vaca Gallega – Buey Gallego” a bhfuil clú agus cáil air mar atá léirithe ag an bhfíric gur féidir é a fháil i siopaí búistéirí speisialaithe, ar bhiachláir i mbialanna ardleibhéil agus i miasa atá ullmhaithe ag cócairí aitheanta.

Ar na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta tá tagairtí iomadúla ann, mar shampla: an t-iriseoir Carlos Herrera in *XL Semanal*: “...nuair a chuir beár Iñaki i mBalmaseda píosa ar a ngríosacán, bhí sé amhail is a bheith ar neamh. Ba fhíor-phíosa mairteola Gailísise é...” (8.4.2018); an t-iriseoir Marie-Claire Digby san *Irish Times*: “The best piece of beef chef Gareth Smith has ever eaten was from one of those Galician cows ...” [Ba ó cheann de bha sin na Gailíse a tháinig an píosa mairteola ab fhearr dar ith an cócaire Gareth Smith.] (2.12.2016). Féachann go leor léirmheastóirí bia ar an bhfeoil go fabhrach (Mike Gibson, Killian Fox, Jay Rayner, Lydia Itoi, Jeffrey Steingarten, Jacob Richler, Janet Mendel, etc.), mar aon le blagadóirí agus lucht déanta tuairimíochta ar speisialtóirí iad i mairteoil ó bha agus bulláin.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

<https://mediorural.xunta.gal/sites/default/files/productos/en-tramitacion/Pliego-de-condiciones-IGP-Vaca-Gallega-Buey-Gallego-febreiro-2022.pdf>

Foilsíú iarratas ar cheadú leasaithe, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

(2022/C 229/06)

Leis an bhfoilsíú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne chur i bhfeidhm an leasaithe de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR CHEADÚ LEASAITHE AR LEASÚ AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH/TÁSCA GEOGRAFACHA FAOI CHOSAINT NACH MIONLEASÚ É

Iarratas ar cheadú ar leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

“Murazzano”

Uimh. AE: PDO-IT-0015-AM01 - 18/11/2020

STFC (X) TGFC ()

1. Grúpa iarratasóra agus leas dlisteanach

D.O.P. Consorzio di Tutela del Formaggio Murazzano DOP [An Comhlachas um Cháis STFC “Murazzano” a Chosaint], trí Piazza Oberto, 1 – 12060 Bossolasco (CN), an Iodáil. R-phost: consorzio.murazzano@gmail.com; Ríomhphost cláraithe: consorziomurazzano@sicurezzapostale.it.

Is táirgeoirí cáise “Murazzano” atá ar *Consorzio di Tutela del Formaggio Murazzano DOP* [An Comhlachas um Cháis STFC “Murazzano” a Chosaint] agus tá an cumann i dteideal iarratas ar leasú a chur isteach de bhun Airteagal 13(1) d'Fhorathne Uimh. 12511 ón Aireacht um Thalmhaíocht, Bia agus Foraoiseacht, an 14 Deireadh Fómhair 2013.

2. Ballstát nó tríú tír

An Iodáil

3. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (na leasuithe) difear dó

- ☒ Ainm an táirge
- ☒ Tuairisc ar an táirge
- ☐ Limistéar geografach
- ☒ Cruthúnas ar thionscnamh
- ☒ An modh táirgthe
- ☒ Nasc
- ☒ Lipéadú
- ☒ Eile: An tsonraíocht táirge a atheagrú; an t-airteagal maidir leis na rialuithe a athdhréachtú agus mionsonraí an chomhlachta rialaithe a chur isteach

4. Cineál an leasú nó na leasuithe

- ☐ Leasú ar an tsonraíocht táirge de STFC nó TGFC cáilithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- ☒ Leasú ar an tsonraíocht táirge de STFC nó TGFC nár foilsíodh Doiciméad Aonair (ná doiciméad coibhéiseach) ina leith nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

5. Leasú nó leasuithe

Ba cheart a shonrú ar an gcéad dul síos gurb é an phríomhchúis leis an tsonraíocht táirge seo le haghaidh “Murazzano” a leasú na rialacha le haghaidh STFC “Murazzano” a thabhairt le chéile in aon doiciméad amháin agus chun roinnt faisnéis nach raibh ann tráth a cláraíodh an táirge a chur léi, agus an tsonraíocht táirge agus an doiciméad aonair a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais reachtacha, dá réir sin.

Cláraíodh “Murazzano” mar STFC le Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 an 26 Meitheamh 1996, de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92. B’ionann na doiciméid a bhfuarthas clárú ar a mbonn agus Forathne ón Uachtarán Uimh. 334 an 30 Meitheamh 1983, trí bhíthin a sainathnóidh an sonrúchán tionscnaimh san Iodáil, ar doiciméad ceithre leathanach é dar teideal “Murazzano” D.O.P. [STFC “Murazzano”] agus an achoimre.

Tá an tsonraíocht táirge miondealaithe ina trí airteagal faoi láthair: Áirítear sainathint ainm an táirge le hAirteagal 1; Sainítear an táirge a shainathnítear, an bealach ar cheart é a tháirgeadh agus a shaintréithe in Airteagal 2; Sainítear an limistéar táirgthe in Airteagal 3.

Tá faisnéis le fáil san achoimre faoin ainm, faoin tuairisc ar an táirge, faoin limistéar geografach, faoin modh táirgthe, faoin nasc leis an limistéar geografach agus roinnt mionsonraí faoi lipéadú agus faoi rialuithe.

Ainm an táirge

Ní bhaineann an leasú seo ach leis an gcineál téacs. Baineann sé le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge atá ann cheana (Forathne ón Uachtarán Uimh. 334 an 30 Meitheamh 1983).

An téacs mar atá:

“Airteagal 1

Leis seo, sainathnítear sonrúchán tionscnaimh cháis ‘Murazzano’ agus ní úsáidfear é ach le haghaidh an táirge a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos san fhorathne seo a mhéid a bhaineann leis na modhanna próiseála, leis na saintréithe orgánaileipteacha agus le saintréithe an táirge a thagann ón limistéar táirgthe arna shainiú in Airteagal 3 thíos.”

Leagan nua:

“Airteagal 1

Ainm

Ní úsáidtear sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint cháis ‘Murazzano’ ach le haghaidh an táirge a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo a mhéid a bhaineann leis na modhanna próiseála, leis na saintréithe orgánaileipteacha agus le saintréithe an táirge a thagann ón limistéar táirgthe arna shainiú in Airteagal 3 thíos.”

Tuairisc ar an táirge

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge (Forathne ón Uachtarán Uimh. 334 an 30 Meitheamh 1983) agus ar phointe 3.2 den doiciméad aonair.

An téacs mar atá:

“Cáis lánmhéathrais úr a tháirgtear de bhainne caorach amháin nó de mheascán de 60 % ar a laghad de bhainne caorach ar cuireadh suas le 40 % ar a mhéad de bhainne bó leis.

Cruth: sorcóireach le taobhanna cothroma a bhfuil imeall beagán ardaithe acu.

Méid: trastomhas thart ar 10-15 cm, airde imill thart ar 3-4 cm le héagsúlachtaí níos airde nó níos ísle ag brath ar fhad na tréimhse táirgthe.

Meáchan: idir 300 agus 400 g.

Dath an taois: dath an bhainne.

Uigeacht an taois: bog, beagán teann, líon beag súl uaireanta ann, é mínghreannáilte, agus ní úsáidtear dathlíocha ná blastáin shonracha ann.

Sraith sheachtrach: ní bhíonn craiceann air, bíonn dath an bhainne ar cháiseanna úra, agus ar cháiseanna a bhí ag aibíú ar feadh tréimhse níos faide, tagann sceo fíneáilte a mbíonn dath buí amhail tuí air .

Blas: fíneáilte, cumhracht chaolchúiseach aici agus blas deas uirthi lena gcuirtear in iúl bainne caorach.

Cion saille san ábhar tirim: 50 % ar a laghad.”

Leagan nua:

“Ní úsáidtear sonrúcháin tionscnaimh ‘Murazzano’ ach le haghaidh cáis lena mbaineann na saintréithe a leanas: cáis lánmhéathrais úr a tháirgtear de bhainne caorach ó chaoirigh a bhaineann le pór Delle Langhe amháin nó de mheascán de 60 % ar a laghad de bhainne caorach ar cuireadh suas le 40 % ar a mhéad de bhainne bó leis. Úsáidtear mar cháis bhoird í agus baineann na saintréithe a liostaítear thíos léi.

Cruth: sorcóireach le taobhanna cothroma a bhfuil imeall beagán ardaithe acu.

Méid: trastomhas thart ar 10-15 cm, airde imill thart ar 3-4 cm.

Meáchan: idir 250 agus 400 g.

Tagraíonn an méid agus an meáchan do thomhais na cáise tar éis na híosstréimhse aibithe.

Tuairisc ar an taos: bog, beagán teann, líon beag súl uaireanta ann, é mínghreannáilte; de réir mar a aibíonn an cháis, athraíonn an dath ó dhath an bhainne go dath buí amhail tuí; tagann athrú ar an uigeacht le haibiú, ó bhog go níos teinne agus cailltear taise de réir a chéile, agus í ag éirí leath-chrua nó crua ar deireadh.

Ní úsáidtear dathlíocha ná blastáin shonracha.

Sraith sheachtrach: ní bhíonn aon chraiceann ag cáiseanna úra, bíonn dath an bhainne ar an tsraith sheachtrach, agus uaireanta bíonn sceo fineáilte ar dhath buí amhail tuí orthu a éiríonn níos dorcha de réir a chéile.

Blas: fineáilte, cumhracht chaolchúiseach, blas deas uirthi lena gcuirtear in iúl bainne caorach; de réir mar a aibíonn an cháis, éiríonn a boladh agus a blas níos láidre.

Cion saille san ábhar tirim: 50 % ar a laghad le lamháltas 2 % le haghaidh an táirge a tháirgtear de bhainne caorach amháin agus 47 % ar a laghad le lamháltas 2 % le haghaidh an táirge a tháirgtear de mheascán de bhainne caorach agus de bhainne bó.”

Athraíodh an t-íosmeáchan ó 300 g go 250 g.

Tá gá leis an leasú seo chun freastal ar éileamh an mhargaidh agus chun obair táirgeoirí ar scála beag a éascú ag tráthanna den bhliain inarb ísle an táirgeadh bainne. Sonraíodh freisin gur don cháis tar éis na híosstréimhse aibithe a thagraítear leis na meáchain, ós rud é go gcailltear taise agus dá réir sin meáchan agus méid mar gheall ar aibiú nó aosú ar feadh tréimhse fada.

Laghdaíodh an t-íosmhéid saille san ábhar tirim ó 53 % ar a laghad go 50 % ar a laghad le lamháltas 2 % le haghaidh an táirge a tháirgtear de bhainne caorach amháin agus ó 50 % ar a laghad go 47 % ar a laghad le lamháltas 2 % le haghaidh an táirge a tháirgtear de mheascán de bhainne caorach agus de bhainne bó. Rinneadh an méid sin ar bhonn na mbarúlacha agus na mbreithnithe a leanas:

An figiúr saille a leagtar síos sa tsonraíocht táirge ó 1983, tógadh an figiúr sin ó staidéar a foilsíodh in 1964. Sa staidéar sin díríodh ar chás a bhaineann tógáil beostoic, cás a bhí an-éagsúil ó chás den sórt sin a bheadh i gceist sa lá atá inniu ann. Is leor a rá gurbh ionann pór caorach Delle Langhe agus níos mó ná 30 000 ainmhí san am sin, ach níl ach 2 000 díobh fágtha sa lá atá inniu ann, agus nach mór na hiarmhairtí uile a bhaineann le bochtú géiniteach a d’fhéadfadh a bheith i gceist i dtéarmaí roghnaithe shaorga mar gheall ar laghdú chomh mór sin.

Thart ar 100 kg in aghaidh an ainmhí ab é an meánaschur a taifeadadh in 1963, ach níl sé ach thart ar 150 kg in aghaidh an ainmhí sa lá atá inniu ann.

Níl aon sonraí ar fáil a bhaineann leis an bhfigiúr maidir le saill sa bhainne caorach tráth a rinneadh staidéar 1964, ach is soiléir go ndéantar difear don mhéid saille atá sa cháis leis an méid comhpháirteanna (saill, próitéin, lactós, luaith) atá sa bhainne dá ndéantar í. Mar thoradh air sin, bíonn tionchar diúltach ag an méadú ar aschur ar an méid céatadánach saille, próitéine, etc. in aon lítir bainne amháin.

Le staidéar domhain a rinne Ollscoil Turin in 2012, léiríodh go mbíonn éagsúlacht shuntasach le feiceáil idir gabháltais maidir leis an méid saille atá i mbainne, agus níl aon amhras go ndéanann tosca géiniteacha agus na cleachtais beathaithe a leantar i gcomhréir le traidisiún difear don méid saille freisin. Toisc eile atá thar a bheith ábhartha gan dabht is ea an méid a leanas, ós rud é gur táirge ceirde é seo, aimsíodh leibhéal suntasach éagsúlachta san iarmhar saille sa mheadhg, i.e. sa tsail a cailleadh le linn an phróiseála agus nár coinníodh sna gruthanna.

Ar ndóigh, bhí tionchar suntasach ag na figiúirí sin ar an méid saille sa cháis, tionchar ba shuntasáí sin gur thug Ollscoil Turin faoi deara ar roinnt ócáidí go raibh an méid saille i “Murazzano” níos ísle ná an méid saille a cuireadh in iúl in 1964 agus a cuireadh in iúl sa tsonraíocht táirge in 1983 ina dhiaidh sin.

Thairis sin fiú, is féidir glacadh leis gur cinneadh na figiúirí a tugadh sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair trí úsáid a bhaint as teicnící anailísithe nach bhfuil chomh beacht i gcomparáid leis na teicnící atá ar fáil sa lá atá inniu ann.

Cuireadh tagairt do phór Delle Langhe leis maidir le bainne caorach.

Go dtí seo, níor luadh an mionsonra sin ach sa doiciméad dar teideal “Murazzano” a luaitear sa réamhrá. Dá réir sin, cuireadh le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair é.

An tuairisc ar dhath an taois, ar an tsraith sheachtrach agus ar an mblas, forlíonadh iad trí shaintréithe “Murazzano” a bhí ag aibíú ar feadh tréimhse níos faide a chur leo, sa chaoi go mbeadh an tuairisc ar “Murazzano” comhsheasmhach leis an leasú a rinne a bhaineann leis an tréimhse aibithe níos faide (féach an leasú ar an modh táirgthe a dtugtar achoimre air thíos).

Cruthúnas ar thionscnamh

Cuireadh airteagal sonrach leis an tsonraíocht táirge chun í a thabhairt i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Is mar a leanas atá an t-airteagal nua:

“Airteagal 4

Cruthúnas ar thionscnamh

Déantar faireachán ar gach céim den phróiseas táirgthe, agus déantar gach ionchur agus gach aschur a thaifeadh. Áirithítear inrianaitheacht an táirge ar an mbealach sin, chomh maith le gach rannpháirtí sa slabhra táirge a chur ar liostaí speisialta a choinníonn an chomhlacht rialaithe agus leis an dearbhú tráthúil don chomhlacht rialaithe maidir leis na cainníochtaí a tháirgtear. Tá gach duine nádúrtha agus dlítheanach atá san áireamh sna liostaí ábhartha faoi réir seiceálacha ag an gcomhlacht rialaithe i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge agus leis an bplean rialaithe a bhaineann léi.”

An modh táirgthe

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge. Leasaíodh an chuid maidir le beathú agus an líon bleán agus sonraíodh an lamháltas teochta téachta agus an tréimhse aibithe.

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.3 den doiciméad aonair – beatha.

An téacs mar atá:

“Aiste bia na gcaorach, i gcás inarb ábhartha, aiste bia an eallaigh, ní mór iad a bheith comhdhéanta d’fharae glas nó d’fharae féir thirim ón limistéar táirgthe.”

Leagan nua:

“Cion beatha bliantúil an bheostoic a ndéanfar a bhainne a phróiseáil chun cáis STFC ‘Murazzano’ a dhéanamh, ní mór é a bheith comhdhéanta d’fharae glas nó caomhnaithe, arb ionann é sin agus 70 % ar a laghad den ábhar tirim, agus d’ábhair bheatha thiubhaithe nó chomhlántacha, arb ionann iad sin agus 30 % ar a mhéad den ábhar tirim. Ní mór 80 % ar a laghad den fharae teacht ón limistéar tionscnaimh.

Déantar féarach más féidir é a dhéanamh le linn an tséasúir.

Ní fhéadfar in aon chás níos mó ná 50 % den ábhar tirim ar bhonn bliantúil a bheith i mbeatha a fhaightear ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe. Ceadáítear forlíonta vitimíní agus mianraí suas leis na teorainneacha a cheadáítear faoin dlí.”

Tá an limistéar táirgthe lonnaithe go hiomlán ar thalamh neamhuiscithe ar chnoic arda nó measartha ard. Dá bhrí sin, féadfar laghdú teacht ar tháirgeadh farae le linn blianta ina mbíonn an bháisteach íseal, rud a bhaineann leis an athrú aeráide freisin.

Le roinnt blianta anuas, tá géarú ar scála an-mhór ag teacht ar shaothrú collchnónna agus, ar bhonn níos lú, ar shaothrú fíona sa limistéar tionscnaimh, agus tá laghdú ag teacht ar na limistéir foráiste atá ar fáil mar gheall air sin. Anuas air sin, ba cheart a lua go bhfuil mic tíre ann freisin, agus iad ag éirí níos coitianta ann, mic tíre a dhéanann ionsaí ar thréada agus a chuireann eagla ar chaoirigh, rud a chruthaíonn deacrachtaí ó thaobh féarach a dhéanamh i limistéir atá níos mó faoi mhíbhuntáiste agus atá níos deacra le baint. Is minic go bhfágann sé sin go mbaintear úsáid as tithíocht shlán le haghaidh na n-ainmhithe uaireanta agus go ndéantar mion-limistéir féaraigh a thréigeadh, as a dtagann méadú ar úsáid an fharae chaomhnaithe.

Dá réir sin, ceadáíodh aiste bia an bheostoic a fhorlíonadh le cainníochtaí beaga ábhair bheatha, lena n-áirítear ábhair bheatha chomhlántacha. Aon fhorlíonadh beag leis an aiste bia le hábhair bheatha, lena n-áirítear ábhair bheatha chomhlántacha, tagann sé sin ón ngá le háirithiú go bhfaigheann na hainmhithe cothú cothrom le linn an lachta agus na tréimhse iompair, lena n-áirítear ar mhaithe le leas ainmhithe. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go bhfuil gá leis an gcleachtas sin mar gheall ar dhálaí atmaisféir/aeráide dochracha lena bhféadfaí teorainn a chur leis na foinsí foráiste áitiúla atá ar fáil (féarach, féar tirim). Thairis sin fiú, ní féidir difear a dhéanamh d'uathúlacht an táirge nó do shaintréithe an bhainne ar aon bhealach le forlíonadh beag féideartha leis an aiste bia.

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.3 den doiciméad aonair – amhábhbar.

An téacs mar atá:

“Cuirtear an táirgeadh i gcrích trí bhainne ó dhá bhleán laethúla a úsáid agus bíonn sé ar siúl ar feadh na bliana.”

Leagan nua:

“Cuirtear an táirgeadh i gcrích trí bhainne ó dhá bhleán laethúla nó níos mó ná sin a úsáid agus bíonn sé ar siúl ar feadh na bliana.”

Trí úsáid a bhaint as córais chuisniúcháin agus stórála bainne, a mbíonn feabhas ag teacht orthu i gcónaí le himeacht ama, is féidir cáis a tháirgeadh trí bhainne ó aon bhleán amháin nó ó dhá bhleán a úsáid, lena gcuirtear ar chumas táirgeoirí ar scála beag cáis a dhéanamh gach dara lá nó níos mó ná sin dá réir sin, go háirithe le linn tréimhsí áirithe den bhliain nuair a thagann laghdú ar an aschur.

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.3 den doiciméad aonair – modh táirgthe.

An téacs mar atá:

“Ní mór an cháis a tháirgeadh de réir modhanna traidisiúnta trí mhúnlaí sorcóireacha a bhfuil poill ina mbun acu a úsáid. Le linn an aibithe, ní mór an cháis a ní go tapa le huisce alabhog gach lá. Ní mór sailleadh a dhéanamh le sailleadh tirim.”

Leagan nua:

“Úsáidtear an bainne ó dhá bhleán nó níos mó ná sin. Féadfar cóireáil teasa a dhéanamh air chun é a dhíghalrú agus féadfar é a ionaclú le heinsímí bainne agus/nó le tús-saothráin nádúrtha. Cuirtear binid lao leachtach leis an mbainne, agus déantar é a théachtadh ag teocht 37 °C le lamháltas ± 3 °C ina dhiaidh sin.

Déantar é a mheascadh go tapa fad agus atá an bhinid á cur isteach agus ina dhiaidh sin, agus féadfar tréimhse sosa 40 nóiméad ar a laghad a bheith ann ina dhiaidh chun gruthanna tiubha, aonfhoirmeacha a dhéanamh.

Ar dtús, bristear na gruthanna síos go garbh trí scimín nó greadtóir a úsáid (síos chuig méid oráiste). Tar éis tréimhse sosa 5 nóiméad ar a laghad, bristear na gruthanna síos an dara huair chuig méid collchnó trí ghreadtóir nó cruit ghrutha a úsáid, agus bíonn tréimhse sosa breise ina dhiaidh sin a mhaireann 10 nóiméad ar a laghad.

Chun na gruthanna a mhúnlú ina gcáis, aistrítear iad go múnlaí sorcóireacha a bhfuil poill ina mbun acu, atá déanta de phlaisteach nó de chruach dosmálta agus atá ar an méid iomchuí. Coinnítear na múnlaí ina bhfuil na gruthanna ar dhromchla claonta ar feadh 24 + 4 uair an chloig, agus castar iad roinnt uaireanta le linn an ama sin. Déantar sailleadh faoi dhó agus an cháis á múnla, uair amháin ar gach taobh di.”

Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar na modhanna traidisiúnta mar a thagraítear dóibh sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair. Sonraíodh freisin go bhféadfar cóireáil teasa a dhéanamh ar an mbainne chun é a dhíghalrú.

Sonraíodh go bhféadfar an bainne a ionaclú le heinsímí bainne agus/nó le tús-saothráin nádúrtha.

Maidir leis an teocht téachta, cuirtear “lamháltas ± 3 °C” in ionad “thart ar”, rud is gnách don éagsúlacht teochta le haghaidh na modhanna oibre traidisiúnta.

Baineadh an ceanglas maidir leis na cáiseanna a ní go laethúil le linn an aibithe agus sonraíodh ní ba shoiléire nach mór na cáiseanna a ní le huisce alabhog le linn na chéad cheithre lá, arb ionann é sin agus an t-íosbéimhse aibithe. Tá an iarraidh seo ar leasú bunaithe ar bharúlacha a taifeadadh le himeacht go leor blianta, barúlacha lena léirítear nach ndéantar difear do cháilíocht chríochnaitheach na cáise leis má leasaítear an ceanglas sin.

Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.2 den doiciméad aonair – tréimhse aibithe.

An téacs mar atá:

“Tréimhse aibithe a mhaireann idir 4 agus 10 lá.”

Leagan nua:

“Maireann an t-aibiú 4 lá ar a laghad agus féadfaidh sé tarlú san áitreabh céanna ina dtarlaíonn an táirgeadh, agus na cáiseanna á ní go tapa le huisce alabhog faoi dhó ar a laghad; tá sé ceadaithe teicnící malartacha comhionanna a úsáid. Tar éis 4 lá aibithe ar a laghad, féadfar an cháis a stóráil i saoráidí aibithe speisialta nó i bhfuar-stórais. Is é 4 lá an íostréimhse aibithe agus is é 90 lá an uastréimhse aibithe. Aibiú ar feadh suas le 15 mhí, gan aon táirge eile a chur leis, ní cheadaítear é sin ach má bhaintear úsáid as an burnie traidisiúnta (árthaí gloine a shéalaítear go heirméiteach), ina gcuirtear an cháis isteach tar éis 20 lá aibithe ar a laghad.

Ní úsáidtear an cháis mar cháis bhoird amháin ach úsáidtear í i neart oideas agus mar bhonn le táirgí ullmhaithe freisin.”

Cé go ndearnadh tagairt do 10 lá aibithe i sonraíocht táirge 1983, tá sé níos coitianta anois aibiú a dhéanamh ar roinnt den cháis “Murazzano” a tháirgtear ar feadh tréimhse níos faide agus tá an-mheas air sin ar an margadh. Dá réir sin, baineadh an tagairt do 10 lá agus tugadh uastréimhse aibithe 90 lá isteach.

Táthar ag filleadh ar sheantraidisiún leis an gcleachtas sin. Go deimhin, bhí sé cuibheasach coitianta san am atá thart “Murazzano” a aibiú ar feadh i bhfad níos faide ná 10 lá chun an cháilíocht a fheabhsú.

Ina theannta sin, tugadh isteach an fhéidearthacht anois chun “Murazzano” a leasú i burnie (árthaí gloine a shéalaítear go heirméiteach), ina gcuirtear an cháis isteach.

Leis sin, táthar ag filleadh ar thraidisiún atá á chleachtadh ag líon táirgeoirí, agus an líon sin ag síormhéadú, sa lá atá inniu ann freisin. Úsáideadh burnie san am atá thart go príomha chun cáis a leasú le haghaidh an gheimhridh nuair ba bheag an bainne, más ann dó, agus cáis dá réir sin, a bhíodh á dtáirgeadh.

Nuair a úsáidtear an teicníc seo, cuirtear an cháis isteach sa burnie tar éis 20 lá aibithe ar a laghad agus is féidir í a leasú ar feadh suas le 15 mhí.

Nasc

Cuireadh airteagal tiomnaithe leis an tsonraíocht táirge agus rinneadh an fhaisnéis i bpointí (d) agus (f) den achoimre a athscríobh chun í a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

An téacs mar atá:

“(d) STAIR: an cháis, a dhéantar sa limistéar táirgthe go stairiúil, tagann a hainm as Bardas Murazzano, arb é an príomhionad táirgthe é. Le himeacht ama, choinnigh an táirge na saintréithe sonracha arb í an timpeallacht bhunchnoic shléibhtiúil is cúis leo.

(f) NASC GEOGRAFACH: i measc na dtosca nádúrtha ar díol suntais iad tá na dálaí aeráide sa limistéar bunchnoic sléibhtiúil lena mbaineann, lena ndéantar difear don cháilíocht farae a thugtar don eallach agus do na caoirigh araon. Maidir le tosca nádúrtha, bíonn an cháis le fáil go stairiúil sa limistéar mórthimpeall Cuneo ós rud é gur táirge é a bhíonn ar fáil go forleathan i mbunaíochtaí lónadóireachta.”

Leagan nua:

“Na bardais i limistéar táirgthe STFC ‘Murazzano’, tá siad lonnaithe sa limistéar cnocach ar a dtugtar Alta Langa [Langa Ard], limistéar a bhfuil teorainn aige ó thuaidh le Langhe íseal na bhfíonghort agus na bhfonta cáiliúla a bhfuil sonrúchán tionscnaimh acu, tá na hAipíní Liogúracha le fáil sa teorainn ó dheas, agus ar an taobh thoir roinneann sé teorainn le limistéar Monferrato agus ar an taobh thiar aimsítear an teorainn le híséalchríocha Chúige Cuneo.

Is limistéar geografach é sin nár tháinig suaitheadh geolaíoch air le himeacht ama, agus cosnaíodh an flóra atá le fáil ann ar na hathruithe móra a tharlaíonn mar gheall ar shuaitheadh den sórt sin. Leis sin, d’éirigh limistéar geografach ‘Murazzano’ ina ‘ósais’ ina gcosnaítear speicis plandaí atá tipiciúil do thimpeallachtaí an-éagsúil. Go deimhin, anuas ar speicis atá tipiciúil d’íséalchríocha na hEorpa agus ar na speicis sin atá de thionscnamh na Meánmhara, is gnáthóg idéalach é seo le haghaidh go leor speicis atá de thionscnamh na hEorpa Láir agus dheisceart na hEorpa agus le haghaidh speicis atá de thionscnamh an Atlantaigh, speicis nach bhfuil chomh coitianta céanna sna limistéir a bhfuil teorainn acu le limistéar táirgthe STFC ‘Murazzano’.

Ós rud é gurb ann do raon speicis plandaí atá a leithne agus a héagsúla sin, tugtar aiste bia measctha agus éagsúil do na hainmhithe i gcaitheamh na bliana.

Le linn na tréimhse nach féidir féarach a dhéanamh (ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair de ghnáth), bíonn na caoirigh á mbeathú go díreach ar an bhfarae glas a tháirgtear le móinéir agus le féarthailte. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, bíonn an aiste bia fós comhdhéanta den chuid is mó d'fhéar tirim a fhaightear ó speicis plandaí an limistéir.

Dá réir sin, tá uathúlacht bhlas agus dhea-bholaithe STFC 'Murazzano' bunaithe ar chastacht agus ar raon an-leathan an fhlóra thipiciúil atá le fáil sa limistéar táirgthe, flóra a ndéantar na comhpháirteanna aramatacha a bhaineann leo a aistriú go dtí an bainne agus go dtí an cháis ina dhiaidh sin.

Gné fíor-riachtanach eile a bhaineann le cáis STFC 'Murazzano' a tháirgeadh is ea pór caorach Delle Langhe, ar pór dúchasach é a bhfuil baint aige le limistéar Alta Langa leis na céadta bliain (is féidir an chéad tagairt scríofa de a fheiceáil in *Naturalis Historia* le Plinius Mór). Ar feadh tréimhse an-fhada, ba é an t-ainmhí seo an t-aon bheatha a bhí ag teaghláigh thuaithe ós rud é gur mar gheall air ab fhéidir leo na limistéir seo a shaothrú, limistéir nach raibh an-oiriúnach d'úsáid ba dhéine ná do chineálacha eile tógála beostoic mar gheall ar a suíomh, ar an deacracht a bhain le rochtain a fháil orthu agus ar a dtáirgiúlacht íseal. Is éard is Delle Langhe ann pór caorach meánach-mór, an-chrua a chuireann aschur maith bainne ar fáil fiú faoi dhálaí neamhoptamacha. A bhuí leis na saintréithe sin go beacht, bhíothas in ann cumas táirgthe an phóir a chur in iúl i limistéar táirgthe STFC 'Murazzano', sa chaoi gur príomhghné de gheilleagar talmhaíochta an limistéir é fós sa lá atá inniu ann.

Tógáil caorach, táirgeadh cáise agus maoirseacht ar an talamh, is gnéithe iad sin a bhfuil dlúthcheangal eatarthu, gnéithe nár imíodh riamh, d'ainneoin na bhforbairtí ba ghá agus na bhforbairtí dosheachanta a rinneadh leis na céadta bliain anuas. Ní hamháin go bhfuil feidhm tháirgiúil acu, ach tá ról an-tábhachtach acu maidir le limistéar lena mbaineann luach ard nádúrtha agus tírdhreacha a chaomhnú agus chun beocht an chomhshaoil ina iomláine a choinneáil.

Teicníc táirgthe STFC 'Murazzano', a bhfuil dlúthbhaint aici le cleachtas traidisiúnta fós sa lá atá inniu ann, tugann sí saintréithe chun cinn a thagann ón idirghníomhú idir an comhshaol, ainmhithe, tosca táirgthe agus fios gnó na muintire áitiúla. Ós rud é go ndéantar na gruthanna a bhriseadh faoi dhó, le méid beag na gcáiseanna agus ós rud é go gcuirtear na gruthanna sna múnlaí go tapa, is tosca iad sin ar fad lena bhfuil coinne go ndéanfar an meadhg a shileadh de na gruthanna go tapa, agus tríd an gcáis a chasadh go minic, leis na modhanna saillte sonracha agus leis na dálaí aibithe agus aosaithe, is féidir na saintréithe uathúla atá tipiciúil don cháis a bhaint amach.

STFC 'Murazzano' nach ndeachaigh faoi thréimhse aibithe fhada, bíonn dea-bholadh na speiceas éagsúla plandaí agus farae air – faightear boladh uathu sula mblaistear iad – ar speicis iad a bhfuil aiste bia na n-ainmhithe comhdhéanta díobh, agus bíonn blas fíneáilte ar an gcáis sin agus bíonn taos bog uirthi a bhfuil dath idir dath an bhainne agus dath buí amhail tuí air. Le tréimhse aibithe níos faide, de réir mar a bhíonn an cháis ag aibiú agus ag aosú, éiríonn an boladh agus an blas atá uirthi níos láidre agus féadfaidh sí craiceann bog fíneáilte le craiceann an-tanaí faoi agus taos níos teinne a bhfuil dath níos dorcha air a fhorbairt, agus féadfar dea-bholaithe a bheith uirthi lena féidir lomra caorach a chur in iúl.

Comhcheangal na ndálaí aeráide sonracha, aiste bia na n-ainmhithe agus saintréithe an bhainne a tháirgtear le pór caorach Delle Langhe, in éineacht le teicníc táirgthe uathúil agus scil na ndéantóirí cáise a bhí in ann úsáid stuama a bhaint as na dálaí sin, is ionann na gnéithe sin, dá réir sin, agus na príomhghnéithe atá ina mbonn le táirgeadh cáis STFC 'Murazzano', ar léiriú é sin ar fhios gnó comhchoiteann mhuintir Langhe a thagann ó stair chomhroinnte a théann siar na céadta bliain."

Lipéadú

Leathnaíodh an chuid maidir le lipéadú a thugtar i bpointe (h) den achoimre.

An téacs mar atá:

"(h) LIPEADÚ: déantar an táirge a mhargú le siombail a chomhlachais cosanta."

Leagan nua:

"Féadfar an cháis a dhíol ina hiomláine nó ina sciartha agus féadfar í a réamhphacaistiú. Is éard atá i gceist le lógó/siombail cháis "Murazzano" ceannlitir "M" stílithe ar cheann de na taobhanna cothroma ar roth cáise "Murazzano", a ngearradh ding amach as lena bhlaiseadh. Tá dath gorm (pantone Gorm 0729) nó dath dubh (pantone Dubh U) ar an tsiombail ar chúlra bán agus áirítear é ar an lipéad a úsáidtear i bpacáistíocht "Murazzano". Ní fhéadfar an lipéad a ghreamú ach tar éis na híos-tréimhse aibithe.

Ba cheart an táirge arna aibiú/arna leasú i *burnie* traidisiúnta a mharcáil le lipéad sonrach (greamán) a ghreamófar do thaobh amuigh an ghloine nó, mar rogha mhalartach air sin, don táirge leasaithe taobh istigh.

An baine caorach a úsáidtear chun cáis “Murazzano” a tháirgeadh, ós rud é nach bhféadfaidh sé teacht ach ó ainmhithe a bhaineann le pór Delle Langhe amháin, is ceadmhach an fhoclaíocht “*Con latte di pecora delle Langhe*” [“Le baine chaoirigh Delle Langhe”] a áireamh ar an bpacáistíocht nó ar lipéad speisialta ina leith. Cáis “Murazzano” a tháirgtear 100 % ó bhainne caorach, féadfar an fhoclaíocht “*Solo latte di pecora delle Langhe*” [“Bainne ó chaoirigh Delle Langhe amháin”] a áireamh ar an bpacáistíocht nó ar lipéad speisialta ina leith.



Eile

Rinneadh an tsonraíocht táirge a atheagrú ionas go mbeadh sí níos éasca a léamh. Dá réir sin, tá na hocht n-airteagal a leanas sa tsonraíocht táirge nua: Airteagal 1 – Ainm, Airteagal 2 – Saintréithe an táirge, Airteagal 3 – Limistéar geografach, Airteagal 4 – Cruthúnas ar thionscnamh, Airteagal 5 – Modh táirgthe, Airteagal 6 – Nasc leis an gcomhshaol, Airteagal 7 – Rialuithe, Airteagal 8 – Lipéadú.

Leasaíodh an t-airteagal maidir leis na rialuithe i bpointe (g) den achoimre chun é a thabhairt i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm agus cuireadh mionsonraí faoin gcomhlacht rialaithe leis.

An téacs mar atá:

“(g) RIALUITHE: AINM: An Aireacht um Bheartas Talmhaíochta agus Foraoiseachta – An Chigireacht Ceannais Frith-chalaoise; Consorzio di Tutela del Formaggio Murazzano [An Comhlachas um Cháis ‘Murazzano’ a Chosaint] mar an comhlacht atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh”

Leagan nua:

“Déanann an comhlacht rialaithe I.N.O.Q faireachán ar chomhréireacht an táirge leis an tsonraíocht táirge i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. – Istituto Nord Ovest Qualità – Soc. Coop. a r.l., Piazza Carlo Alberto Grosso 82, Moretta (CN) 12033. Fón: +390172911323; Facs: +390172911320; R-phost: inoq@inoq.it”

DOICIMÉAD AONAIR

“Murazzano”

Uimh. AE: PDO-IT-0015-AM01 - 18/11/2020

STFC (X) TGFC ()

1. Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]

“Murazzano”

2. Ballstát nó tríú tír

An Iodáil

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra

3.1. An cineál táirge

Rang 1.3 – Cáiseanna

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Ní úsáidtear sonrúchán tionscnaimh “Murazzano” ach le haghaidh cáis lena mbaineann na saintréithe a leanas: cáis lánmhéathrais úr a tháirgtear de bhainne caorach ó chaoirigh a bhaineann le pór Delle Langhe amháin nó de mheascán de 60 % ar a laghad de bhainne caorach ar cuireadh suas le 40 % ar a mhéad de bhainne bó leis. Úsáidtear mar cháis bhoird í agus baineann na saintréithe a liostaítear thíos léi.

Cruth: sorcóireach le taobhanna cothroma a bhfuil imeall beagán ardaithe acu.

Méid: trastomhas thart ar 10-15 cm, airde imill thart ar 3-4 cm.

Meáchan: idir 250 agus 400 g.

Tagraíonn an méid agus an meáchan do thomhais na cáise tar éis na híosréimhse aibithe.

Tuairisc ar an taos: bog, beagán teann, líon beag súl uaireanta ann, é mínghreannáilte; de réir mar a aibíonn an cháis, athraíonn an dath ó dhath an bhainne go dath buí amhail tuí; tagann athrú ar an uigeacht le haibíú, ó bhog go níos teinne agus cailltear taise de réir a chéile, agus í ag éirí leath-chrua nó crua ar deireadh.

Ní úsáidtear dathlíocha ná blastáin shonracha.

Sraith sheachtrach: ní bhíonn aon chraiceann ar cháiseanna úra, bíonn dath an bhainne ar an tsraith sheachtrach, agus uaireanta bíonn sceo fineáilte, éadrom orthu, sceo ar a mbíonn dath buí amhail tuí. De réir mar a aibíonn an cháis, athraíonn an dath seachtrach go dath buí amhail tuí a bhíonn ag éirí níos dorcha go síoraí.

Blas: fineáilte, cumhracht chaolchúiseach aici agus blas deas uirthi lena gcuirtear in iúl bainne caorach; de réir mar at aibíonn an cháis, éiríonn a boladh agus a blas níos láidre.

Cion saille san ábhar tirim: 50 % ar a laghad le lámháltas 2 % le haghaidh an táirge a tháirgtear de bhainne caorach amháin agus 47 % ar a laghad le lámháltas 2 % le haghaidh an táirge a tháirgtear de mheascán de bhainne caorach agus de bhainne bó.

Is é 4 lá an íostréimhse aibithe agus is é 90 lá an uastréimhse aibithe. Aibíú ar feadh suas le 15 mhí, gan aon táirge eile a chur leis, ní cheadaítear é sin ach má bhaintear úsáid as an *burnie* traidisiúnta (árthaí gloine a shéalaítear go heirméiteach), ina gcuirtear an cháis isteach tar éis 20 lá aibithe ar a laghad.

Féadfar an cháis a dhíol ina hiomláine nó ina sciарtha agus féadfar í a réamhphacáistiú.

3.3. Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhióch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)

Cion beatha bliantúil an bheostoic a ndéanfar a bhainne a phróiseáil chun cáis STFC “Murazzano” a dhéanamh, ní mór é a bheith comhdhéanta d'fharae glas nó caomhnaithe, arb ionann é sin agus 70 % ar a laghad den ábhar tirim, agus d'ábhair bheatha thiubhaithe nó chomhlántacha, arb ionann iad sin agus 30 % ar a mhéad den ábhar tirim. Ní mór 80 % ar a laghad den fharae teacht ón limistéar tionscnaimh. Déantar féarach más féidir é a dhéanamh le linn an tséasúir. Ní fhéadfar in aon chás níos mó ná 50 % den ábhar tirim ar bhonn bliantúil a bheith i mbeatha a fhaightear ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe. Cheadaítear forlíonta vitimíní agus mianraí suas chuig na teorainneacha a cheadaítear faoin dlí.

Tá an limistéar táirgthe lonnaithe go hiomlán ar thalamh neamhuiscithe ar chnoic arda nó measartha ard. Dá bhrí sin, féadfar laghdú teacht ar tháirgeadh farae le linn blianta ina mbíonn an bháisteach íseal, rud a bhaineann leis an athrú aeráide freisin.

Le roinnt blianta anuas, tá géarú ar scála an-mhór ag teacht ar shaothrú collchnónna agus, ar bhonn níos lú, ar shaothrú fíona sa limistéar tionscnaimh, agus tá laghdú ag teacht ar na limistéir foráiste atá ar fáil mar gheall air sin. Anuas air sin, ba cheart a lua go bhfuil mic tíre ann freisin, agus iad ag éirí níos coitianta ann, mic tíre a dhéanann ionsaí ar thréada agus a chuireann eagla ar chaoirigh, rud a chruthaíonn deacrachtaí ó thaobh féarach a dhéanamh i limistéir atá níos mó faoi mhíbhuntáiste agus atá níos deacra le baint. Is minic go bhfágann sé sin go mbaintear úsáid as tithíocht shlán le haghaidh na n-ainmhithe uaireanta agus go ndéantar mion-limistéir féaraigh a thréigeadh, as a dtagann méadú ar úsáid an fharae chaomhnaithe.

Dá réir sin, ceadáidh aiste bia an bheostoic a fhorlíonadh le cainníochtaí beaga ábhair bheatha, lena n-áirítear ábhair bheatha chomhlántacha. Aon fhorlíonadh beag leis an aiste bia le hábhair bheatha, lena n-áirítear ábhair bheatha chomhlántacha, tagann sé sin ón ngá le háirithiú go bhfaigheann na hainmhithe cothú cothrom le linn an lachta agus na tréimhse iompair, lena n-áirítear ar mhaithe le leas ainmhithe. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go bhfuil gá leis an gcleachtas sin mar gheall ar dhálaí atmaisféir/aeráide dochracha lena bhféadfaí teorainn a chur leis na foinsí foráiste áitiúla atá ar fáil (féarach, féar tirim). Thairis sin fiú, ní féidir difear a dhéanamh d'uathúlacht an táirge nó do shaintréithe an bhainne ar aon bhealach le forlíonadh beag féideartha leis an aiste bia.

Bainne caorach ó chaoirigh a bhaineann le pór Delle Langhe amháin nó de mheascán de 60 % ar a laghad de bhainne caorach ar cuireadh suas le 40 % ar a mhéad de bhainne bó leis. Úsáidtear an bainne ó dhá bhleán nó níos mó ná sin. Féadfar cóireáil teasa a dhéanamh air chun é a dhíghalrú agus féadfar é a ionaclú le heinsímí bainne agus/nó le tús-saothráin nádúrtha. Cuirtear binid lao leachtach leis an mbainne.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na stoic agus na tréada déiríochta a ndéantar a mbainne a phróiseáil ina “Murazzano” a bheith lonnaithe laistigh den limistéar geografach sainithe.

Ní mór an bainne a tháirgeadh agus a phróiseáil agus ní mór an cháis a aibiú laistigh den limistéar geografach sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is éard atá i gceist le lógó/siombail cháis “Murazzano” ceannlitir “M” stílithe ar cheann de na taobhanna cothroma ar roth cáise “Murazzano”, a ngearradh ding amach as lena bhlaiseadh. Tá dath gorm (pantone Gorm 0729) nó dath dubh (pantone Dubh U) ar an tsiombail ar chúlra bán agus áirítear é ar an lipéad a úsáidtear i bpacáistíocht “Murazzano”. Ní fhéadfar an lipéad a ghreamú ach tar éis na híostréimhse aibithe.

Ba cheart an táirge arna aibiú/arna leasú i burnie traidisiúnta a mharcáil le lipéad sonrach (greamán) a ghreamófar do thaobh amuigh an ghloine nó, mar rogha mhalartach air sin, don táirge leasaithe taobh istigh.

An bainne caorach a úsáidtear chun cáis “Murazzano” a tháirgeadh, ós rud é nach bhféadfaidh sé teacht ach ó ainmhithe a bhaineann le pór Delle Langhe amháin, is ceadmhach an fhoclaíocht “*Con latte di pecora delle Langhe*” [“Le bainne chaoirigh Delle Langhe”] a áireamh ar an bpacáistíocht nó ar lipéad speisialta ina leith. Cáis “Murazzano” a tháirgtear 100 % ó bhainne caorach, féadfar an fhoclaíocht “*Solo latte di pecora delle Langhe*” [“Bainne ó chaoirigh Delle Langhe amháin”] a áireamh ar an bpacáistíocht nó ar lipéad speisialta ina leith.



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Áirítear leis an limistéar táirgthe (lena n-áirítear aibiú) críoch riaracháin fhoriomlán na mbardas Albaretto Torre, Arguello, Bastia Mondovì, Belvedere Langhe, Benevello, Bergolo, Bonvicino, Borgomale, Bosia, Bossolasco, Camerana, Castelletto Uzzone, Castellino Tanaro, Castelnuevo di Ceva, Castino, Cerreto Langhe, Ceva, Cigliè, Cissone, Clavesana, Cortemilia, Cravanzana, Feisoglio, Gorzegno, Gottasecca, Igliaio, Lequio Berria, Levice, Marsaglia, Mombarcaro, Monesiglio, Montezemolo, Murazzano, Niella Belbo, Paroldo, Perletto, Pezzolo Valle Uzzone, Priero, Prunetto, Roascio, Roccacigliè, Rocchetta Belbo, Sale Langhe, Sale San Giovanni, Saliceto, San Benedetto Belbo, Serravalle Langhe, Somano, Torre Bormida, Torresina.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Na bardais i limistéar táirgthe STFC “Murazzano”, tá siad lonnaithe sa limistéar cnocach ar a dtugtar Alta Langa [Langa Ard], limistéar a bhfuil teorainn aige ó thuaidh le Langhe íseal na bhfíonghort agus na bhfionta cáiliúla a bhfuil sonrúchán tionscnaimh acu, tá na hAipiníní Liogúracha le fáil sa teorainn ó dheas, agus ar an taobh thoir roinneann sé teorainn le limistéar Monferrato agus ar an taobh thiar aimsítear an teorainn le hisealchríocha Chúige Cuneo.

Is limistéar geografach é sin nár tháinig suaitheadh geolaíoch air le himeacht ama, agus cosnaíodh an flóra atá le fáil ann ar na hathruithe móra a tharlaíonn mar gheall ar shuaitheadh den sórt sin. Leis sin, d'éirigh limistéar geografach “Murazzano” ina “ósais” ina gcosnaítear speicis plandaí atá tipiciúil do thimpeallachtaí an-éagsúil. Go deimhin, anuas

ar speicis atá tipiciúil d'isealchríocha na hEorpa agus ar na speicis sin atá de thionscnamh na Meánmhara, is gnáthóg idéalach é seo le haghaidh go leor speicis atá de thionscnamh na hEorpa Láir agus dheisceart na hEorpa agus le haghaidh speicis atá de thionscnamh an Atlantaigh, speicis nach bhfuil chomh coitianta céanna sna limistéir a bhfuil teorainn acu le limistéar táirgthe STFC "Murazzano".

Ós rud é gurb ann do raon speicis plandaí atá a leithne agus a héagsúla sin, tugtar aiste bia measctha agus éagsúil do na hainmhithe i gcaitheamh na bliana.

Le linn na tréimhse nach féidir féarach a dhéanamh (ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair de ghnáth), bíonn na caoirigh á mbeathú go díreach ar an bhfarae glas a tháirgtear le móinéir agus le féarthailte. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, bíonn an aiste bia fós comhdhéanta den chuid is mó d'fhéar tirim a fhaightear ó speicis plandaí an limistéir.

Dá réir sin, tá uathúlacht bhlais agus dhea-bholaithe STFC "Murazzano" bunaithe archastacht agus ar raon an-leathan an fhlóra thipiciúil atá le fáil sa limistéar táirgthe, flóra a ndéantar na comhpháirteanna aramatacha a bhaineann leo a aistriú go dtí an bainne agus go dtí an cháis ina dhiaidh sin.

Gné fíor-riachtanach eile a bhaineann le cáis STFC "Murazzano" a tháirgeadh is ea pór caorach Delle Langhe, ar pór dúchasach é sin a bhfuil baint aige le limistéar Alta Langa leis na céadta bliain (is féidir an chéad tagairt scríofa de a fheiceáil i *Naturalis Historia* leis an Plinias Mór). Ar feadh tréimhse an-fhada, ba é an t-ainmhí seo an t-aon bheatha a bhí ag teaghlaigh tuaithe ós rud é gurbh fhéidir leo na limistéir seo a shaothrú leis, limistéir nach raibh an-oiriúnach d'úsáidí ní ba dhéine nó do chineálacha eile tógála beostoic mar gheall ar a suíomh, ar an deacracht a bhain le rochtain a fháil orthu agus ar a dtáirgiúlacht íseal. Is éard is Delle Langhe ann pór caorach meánach-mór, an-chrua a chuireann aschur maith bainne ar fáil fiú faoi dhálaí neamhoptamacha. A bhuí leis na saintréithe sin go beacht, bhíothas in ann cumas táirgthe an phóir a chur in iúl i limistéar táirgthe STFC "Murazzano", sa chaoi gur príomhghné de gheilleagar talmhaíochta an limistéir é fós sa lá atá inniu ann.

Tógáil caorach, táirgeadh cáise agus maoirseacht ar an talamh, is gnéithe iad sin a bhfuil dlúthcheangal eatarthu, gnéithe nár imíodh riamh, d'ainneoin na bhforbairtí ba ghá agus na bhforbairtí dosheachanta a rinneadh leis na céadta bliain anuas. Ní hamháin go bhfuil feidhm tháirgiúil acu, ach tá ról an-tábhachtach acu maidir le limistéar lena mbaineann luach ard nádúrtha agus tírdhreacha a chaomhnú agus chun beocht an chomhshaoil ina iomláine a choinneáil.

Tá dlúthbhaint ag teicníc táirgthe STFC "Murazzano" le cleachtas traidisiúnta fós sa lá atá inniu ann, agus is teicníc táirgthe í lena dtagtar chun cinn saintréithe a thagann ón idirghníomhú idir an comhshaoil, ainmhithe, tosca táirgthe agus saineolas teicniúil na muintire áitiúla. Ós rud é go ndéantar na gruthanna a bhriseadh faoi dhó, le méid beag na gcáiseanna agus ós rud é go gcuirtear na gruthanna sna múnlaí go tapa, is tosca iad sin ar fad lena bhfuil coinne go ndéanfar an meadhg a shileadh de na gruthanna go tapa, agus tríd an gcáis a chasadh go minic, leis na modhanna saillte sonracha agus leis na dálaí aibithe agus aosaithe, is féidir na saintréithe uathúla atá tipiciúil don cháis a bhaint amach.

STFC "Murazzano" nach ndeachaigh faoi thréimhse aibithe fhada, bíonn dea-bholadh na speiceas éagsúla plandaí agus farae air – faightear boladh uathu sula mblaistear iad – ar speicis iad a bhfuil aiste bia na n-ainmhithe comhdhéanta díobh, agus bíonn blas fíneáilte ar an gcáis sin agus bíonn taos bog uirthi a bhfuil dath idir dath an bhainne agus dath buí amhail tuí air. Le tréimhse aibithe níos faide, de réir mar a bhíonn an cháis ag aibiú agus ag aosú, éiríonn an boladh agus an blas atá uirthi níos láidre agus féadfaidh sí craiceann bog fíneáilte le craiceann an-tanaí faoi agus taos níos teinne a bhfuil dath níos dorcha air a fhorbairt, agus féadfar dea-bholaithe a bheith uirthi lena féidir lomra caorach a chur in iúl.

Comhcheangal na ndálaí aeráide sonracha, aiste bia na n-ainmhithe agus saintréithe an bhainne a tháirgtear le pór caorach Delle Langhe, in éineacht le teicníc táirgthe uathúil agus scil na ndéantóirí cáise a bhí in ann úsáid stuama a bhaint as na dálaí sin, is ionann na gnéithe sin, dá réir sin, agus na príomhghnéithe atá ina mbonn le táirgeadh cáis STFC "Murazzano", ar léiriú é sin ar fhios gnó comhchoiteann mhuintir Langhe a thagann ó stair chomhroinnte a théann siar na céadta bliain.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

(an dara fomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán seo)

Tá téacs iomlán na sonraíochta táirge le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: <http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335>

nó mar rogha ar an méid sin: trí dhul go díreach chuig leathanach baile don bheartas ón Aireacht um Thalmhaíocht, Bia agus Foraoiseacht (www.politicheagricole.it), agus cliceáil ar "Qualità" (ar thaobh na láimhe deise ar bharr an scáileáin), agus ansin ar "Prodotti DOP IGP STG" (ar thaobh na láimhe clé den scáileán) agus ar deireadh ar "Disciplinari di Produzione all'esame dell"

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair

(2022/C 229/07)

Leis an bhfoilsíú seo, tugtar an ceart freasúra a thaisceadh de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle laistigh ⁽¹⁾ lastigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“Αρνάκι Σήμνου/Arnaki Limnou”

Uimh AE: PGI-GR-02791 – 27.7.2021

PDO () PGI (X)

1. Ainm(neacha) an PGI

“Αρνάκι Σήμνου/Arnaki Limnou”

2. Ballstát nó Tríú Tír

An Ghréig

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia

3.1. Cineál táirge

Aicme 1.1. Feoil úr (agus scairteach)

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is éard is “Arnaki Limnou” ann ná feoil uan a mharaítear nuair atá siad idir 60-120 lá d'aois, agus 10 kg meáchain iontu. Tagann an fheoil ar a shonraítear “Arnaki Limnou” ó chonablaigh ainmhithe a bheirtear ar oileáin Limnos agus Agios Efstratios (Aonad Réigiúnach Limnos). Caoirigh a thógtar go traidisiúnta agus atá in oiriúint do na hoileáin sin, a bheathaítear ar fhásra an limistéir (oileán) gheografaigh atá sainithe go soiléir, is iad sin a bheireann na huain.

Tá feoil “Arnaki Limnou” mín, súmhar agus bog, agus tá cumhra agus blas saineiúil saintréitheach taitneamhach uirthi. Tá dath dearg ar an bhfeoil tá cuma aonfhoirmeach agus tá a saill glan bán. Tá saille fho-chraicneach agus mais mhatán dhea-fhorbartha inti, go háirithe sna gearrthacha a bhfuil éileamh ard orthu agus a bhfuil ardluach tráchtála orthu mar shampla an luan, na cosa deiridh agus easnacha (gríscíní).

Tá céatadán ard saille ag feoil “Arnaki Limnou” ina fhíocháin inite, atá ionmhátanach den chuid is mó (“marmarú”). Fagánn sin go bhfuil tréithe orgánaileipteacha ar leith ag an táirge agus cuireann sin lena bhoige agus lena bhlas.

Bíonn an cion saille i bhfíocháin inite na gconablaigh “Arnaki Limnou” idir 10 agus 15 %, agus bíonn meánchion saille i bhfíocháin inite idir 1,5 agus 3 % i gconablaigh chomhchosúla in áiteanna eile sa Ghréig.

Tugtar comhdhéanamh ceimiceach na bhfíochán inite d'fheoil “Arnaki Limnou” sa tábla seo a leanas:

Táirge		Próitéin	Saill
“Arnaki Limnou”		17,6 go 23,4 %	10,0 go 15,0 %

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Bíonn feoil “Arnaki Limnou” úr ar díol sna foirmeacha seo a leanas:

- conablach
- leathchonablach
- mar ghearrthacha de réir meáchain.

3.3. *Cothú (maidir le táirgí de bhunús ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Beirtear na huain idir deireadh mhí na Samhna agus deireadh mhí Feabhra agus déantar iad a bheathú go príomha ar bhainne a máithreacha, a bhíonn ag tál ar feadh tréimhse 45-60 lá. Ag deireadh na tréimhse sin, téann na huain i dtaithe ar gharbhfharae a ithe trí bhithin beathaithe oiriúnaithe ina bhfuil earraí garbhbhia amhail féar gránach agus glasraí pischineálacha a tháirgtear go háitiúil. Tar éis iad a bhaint den diúl, is iondúil go mbíonn tréimhse 1 go 2 mhí san earrach nuair a bhíonn na huain ar féarach ar fhásra áitiúil leis na caoirigh fhásta.

Bhí tionchar nach beag ag na pórttha Mytilini (nó Lesvos) agus Chios ar an daonra coarach a thógtar ar Limnos agus Agios Efstratios (“caoirigh Limnos”).

Tá aiste bia na gcaorach fásta bunaithe den chuid is mó ar saorinnilt i bhféarach an limistéir gheografaigh ar leith. Áirítear ar aiste bia na gcaorach freisin meascáin forlíontaí ina mbíonn táirgí a fhaightear ó ghránaigh, glasraí pischineálacha, tuí arbhair (cruithneacht durum den chuid is mó), seamair agus táirgí olashíl de ghnáth, a tháirgtear den chuid is mó sa limistéar geografach críochaithe, chomh maith le vitimíní agus riandúile.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a ghlacadh sa limistéar geografach sainithe*

Is féidir an sonrúchán “Arnaki Limnou” a úsáid le haghaidh uain a bheirtear, a thógtar agus a mharaítear laistigh den limistéar críochaithe amháin agus le haghaidh na n-uan sin amháin. Áirítear leis seo fuiliú agus feannadh. Na caoirigh a bheireann na huain, tá siad sin á mbeathú agus á dtógáil sa limistéar geografach críochaithe freisin.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sa bhreis ar na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus san Aontas, beag beann ar an gcaoi a gcuirtear an táirge i láthair lena dhíol (conablach, leathchonablach nó gearrtha), ceanglaítear an lógó speisialta seo a leanas le feoil “Arnaki Limnou”:



Ní mór códuimhir a bheith ag gabháil leis an lógó thuas ina sainithnítear an t-ainmhí agus an gabháltas ónar tháinig an conablach, chomh maith leis an dáta maraithe. Tá códuimhir déanta as:

- an cód uimhriúil a chomhfhreagraíonn don ghabháltas inar táirgeadh na hainmhithe
- cód céannachta an ainmhí bheo a chomhfhreagraíonn don chonablach
- dáta an mharaithe.

Mar shampla, thabharfaí an cód uathúil 8330****002-01/12/2020 ar chonablaigh ainmí beo 002, arna marú ar 01/12/2020 de chuid gabhálaí ar a bhfuil an códuimhir EL8330**** agus.

Má dhéantar feoil “Arnaki Limnou” a ghearradh agus a phacáistiú, aistrítear an lipéad dá dtagraítear thuas chuig na gearrthacha aonair feola nó chuig an chásáil sheachtrach, má tá an táirge pacáistithe cheana, ionas go gcuirfean an fhaisnéis ábhartha in iúl don tomhaltóir deiridh.

4. Sainmhíniú gonta ar an limistéar geografach

Sainmhínítear an limistéar geografach ina dtáirgtear Arnaki Limnou de réir theorainneacha geografacha oileáin Limnos agus Agios Efstratios.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá nasc an táirge leis an limistéar críochaithe bunaithe ar shaintréithe cáilíochta sonracha na feola. Tá cáil ar fheoil “Arnaki Limnou” mar tháirge. Tá tréithe orgánaileipteacha inmharthana aige mar thoradh ar na modhanna traidisiúnta tógála uan agus na caorach, agus tá a n-aiste bia bunaithe go príomha ar fhásra saibhir na bhféarach sa limistéar geografach críochaithe.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Baineann oileáin Limnos agus Agios Efstratios le grúpa oileán na nAigéan thoir thuaidh. Tá Limnos comhdhéanta den chuid is mó d'fhairsinge agus machairí cothroma gan chrainn. Ar phríomhghnéithe an tírdhreacha tá páirceanna cruithneachta agus gránach, fionghort, scrobarnach agus féaraigh leathain a chuimsíonn níos mó ná leath den oileán. Tá an pictiúr céanna le feiceáil ar oileán Agios Efstratios (nó “Ai Stratis”).

Tá an dá oileán nasctha go dlúth, ar bhonn sóisialta agus cultúrtha araon, agus ar bhonn eacnamaíoch agus trí thrádáil. Tá go leor táirgí á dtrádáil agus á n-iompar idir an dá oileán thar na blianta. Bhí caoirigh san áireamh sa ghluaiseacht beostoic seo gan bhriseadh, rud a chuir lena bhforbairt aonchineálach ar an dá oileán. Tá nasc loingseoireachta cósta rialta ag oileán Agios Efstratios le Limnos amháin.

Tosca nádúrtha

Cosúil leis an gcuid eile den Ghréig, is aeráid thipiciúil Mheánmharach atá sa limistéar. Bíonn an geimhreadh séimh agus fliuch. Bíonn an samhradh sách te agus tirim, agus bíonn tréimhsí fada gréine ann den chuid is mó den bhliain. Mar sin féin, tá an aeráid sa cheantar níos tirime, bíonn gaotha láidre ann ó am go chéile agus báisteach rialta.

De bhrígur oileáin Aeigéacha Limnos agus Agios Efstratios is bealach suntasach iad chun speicis phlandaí áitiúla a aistriú go dtí an Ghréig de réir a chéile ón oirthear, mar gheall ar ghaireacht plandaí de thionscnamh na hÁise Bige.

Beathaítear caoirigh an dá oileán den chuid is mó ar an bhfásra luibheach saibhir ina bhfuil chineálacha plandaí aramatacha agus scrobarnach. Léirigh staidéir go bhfuil 756 speiceas plandaí i bhfásra nádúrtha Limnos, teirifítí den chuid is mó (55 %). Ina measc tá ocht speiceas a bhaineann leis an gGréig, ceann amháin a bhaineann leis an réigiún Aeigéach thoir thuaidh agus ceann amháin a bhaineann le Limnos. Ina theannta sin, tá 438 speiceas plandaí éagsúla ar oileán Agios Efstratios, in ainneoin chomh beag agus atá sé.

Go ginearálta, tá phrygana (scrobarnach) forleathan ar oileáin Limnos agus Agios Efstratios. Go deimhin, tá 25 % den fhearach sa cheantar ina scrobarnach. Seo iad a leanas na speiceas tipiciúil phrygana: Dair Kermes, buirnéad deilgneach, tím, oragán, giolcach spíonach, beirbhéine, saoi, méara Muire, labhandar-duilleogach, spuirse, lus an fhógra, rós bándearg, rós carraige, rós carraige leite saoi agus íosóip íceach. Tá na plandaí seo a leanas ar fáil sa cheantar freisin: spuirse meánmhara, míolbhán greamaitheach agus grafán Gréagach.

Sa “maquis”, cuimsíonn fásra adhmaid an dá oileán na speicis seo a leanas freisin: Crann Iúdáis, giolcach spíonach, easpartó, lentisc, crann ológ glas, ológa fiáine, marós, asparagas fiáin, giolcach búistéir agus cinn eile.

Tá dumhcha sa cheantar freisin agus fásra déanta de scrobarnach scléarólach.

Ina theannta sin, is minic a chuimsíonn fásra an dá oileán féar nádúrtha agus glasraí pischineálach, ar speicis iad a oireann go mór do chaoirigh a bheith ag innilt orthu.

Beostoc

Mar gheall ar a oiriúnú fadtéarmach agus leanúnach dá thimpeallacht, trí phróiseas fada roghnaithe agus pórúcháin, tá an daonra caorach curtha in oiriúint go foirfe do na dálaí sonracha áitiúla ithreach agus aeráide agus tá tréithe an-sonrach forbartha acu, mar shampla neamhthuilleamaíocht agus frithsheasmhacht i gcoinne dálaí comhshaoil díobhálacha, frithsheasmhacht i gcoinne galair eindéimeacha agus táirgiúlacht ardchaighdeán.

Tá na hainmhithe de mheánmhéid agus tá siad i ndea-chomhréir. Chuaigh siad in oiriúint do dhálaí deacra geofisiceacha agus aeráide an cheantair, agus do mhicrea-aeráid agus timpeallacht oileáin Limnos agus Agios Efstratios.

Go ginearálta, cabhraíonn aiste bia na gcaorach agus na n-uan le feoil a tháirgeadh lena bhfuil próifíl aigéid shailligh sainiúil. Tá baint ag comhdhéanamh saille na feola leis an gcion leordhóthanach d'aigéid shaille pholaineamhsháithithe atá sna gléasraí, a mheastar a bheith an-inmhianaithe mar go raibh baint aige le blas ar leith ar an bhfeoil a táirgeadh. Méadóidh saorinnilt na n-ainmhithe tiúchan na micreachothaitheach inmhianaithe eile san fheoil, mar shampla vitimíní agus frithocsaídeoírí nádúrtha.

Tosca daonna

Tá modh traidisiúnta feirmeoireachta na n-ainmhithe bunaithe ar na banracha tipiciúil le ballaí – “mantres” – ina bhfuil na hainmhithe lonnaithe gar don fhéarach. Ag baint úsáid as an bhfoirm thraidisiúnta seo tithíochta ainmhithe (“mantres”) is féidir rochtain dhíreach a fháil ar an bhféarach máguaird.

Bíonn tionchar ag cleachtais thraidisiúnta na bhfeirmeoirí beostoic ar shaintréithe an táirge “Arnaki Limnou”. Go sonrach, cuireann baint dhéanach na n-uan (thart ar 60 lá) le fás uan sláintiúil ina bhfuil taiscí dóthanacha saille ar a gconablaigh. Ina theannta sin, cinntíonn bainistiú na dtréad, trí úsáid a bhaint as an gcóras traidisiúnta feirmeoireachta banrach nach gá go gclúdódh na caoirigh achair mhóra chun bia a fháil, toisc go bhfuil an féarach gar do na banracha agus gur beag na hachair a bhíonn le siúl na hoileáin. Dá bhrí sin, níl mórán brú ar na hainmhithe, agus is féidir leo i bhfad níos mó saill ionmhatánach a stóráil ná mar is féidir le hainmhithe eile den chineál céanna agus is féidir leo mais mhatán a fhorbairt.

Chomh fada agus is féidir, go dtí go maraítear iad, tá rochtain leanúnach ag uain atá bainte de dhiúl, chomh maith le hainmhithe fásta, ar fhéarach. Bíonn ainmhithe fásta agus uain ar fhéarach i rith na bliana agus, a bhuí leis an modh feirmeoireachta leathfhairsinge, bíonn rochtain dhíreach acu ar fhéarach ina bhfuil éagsúlacht shaibhir plandaí agus luibheanna inite aramatacha. Tagann as sin comhpháirteanna aramatacha san fhíochán sailleach agus cuireann sé le saintréithe orgánaileipteacha cineálta an táirge. I measc na saintréithe sin tá an blas, in éineacht le tairgeacht na feola, arb é an méid saille ionmhatánach is cúis leis.

Forbraíodh an modh feirmeoireachta leathfhairsinge, bunaithe ar lántairbhe a bhaint as éiceachóras nádúrtha an cheantair trí innilt, le himeacht ama mar thoradh ar dhálaí sonracha an cheantair máguaird agus chun oiriúnú do na dálaí sin. Déanta na fírinne, is bealach é chun éiceachóras agus bithéagsúlacht an cheantair a chaomhnú agus, ag an am céanna, is cuid lárnach den oidhreacht chultúrtha áitiúil é.

Cuireadh ealaín na feirmeoireachta caorach ar aghaidh ó ghlúin go glúin, agus tugadh cleachtais agus taithí bheostoic d'fheirmeoirí níos óige, a leanann orthu ag táirgeadh “Arnaki Limnou” a bhfuil cáil idirnáisiúnta air go dtí an lá inniu féin. Leis na céadta bliain, tá tréada á mbainistiú ag “kehagiades” a bhfuil taithí acu, mar is eol go háitiúil d'fheirmeoirí beostoic, ag baint úsáid as an gcóras traidisiúnta feirmeoireachta banrach. Leis seo bunaíodh samhail inmharthana agus inbhuanaithe d'fheirmeoireacht leathfhairsinge caorach.

Sainiúlacht an táirge

Tá feoil “Arnaki Limnou” mín, súmhar agus bog maidir lena saintréithe orgánaileipteacha. Tá an cion saille ina iomláine ard agus, den chuid is mó, tá an tsail ionmhatánach (“marmarú”), a bhfuil tionchar dearfach aici ar bhlas agus ar bhoige an táirge.

Tá an conablaigh sách trom mar thoradh ar an aois a roghnaítear le haghaidh marú. Tá saill fho-chraicneach agus mais mhatán dhea-fhorbartha aige, go háirithe sna gearrhacha a bhfuil éileamh ard orthu agus a bhfuil ardluach tráchtála acu amhail an luan, na cosa deiridh agus easnacha (gríscíní).

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus sainghné an táirge

Tá tréithe taitneamhacha orgánaileipteacha ag “Arnaki Limnou” agus is táirge é an-fhorleathan atá á táirgeadh go leanúnach ar feadh blianta fada ar an dá oileán. Mar thoradh ar na tosca sonracha comhshaoil, agus na cleachtais dhaonna atá i réim le fada, i limistéar geografach críochaithe oileáin Limnos agus Agios Efstratios, forbraíodh táirge a bhfuil saintréithe cineálta aige, agus idirdhealú á dhéanamh idir “Arnaki Limnou” agus táirgí eile dá shamhail.

Tá feirmeoireacht caorach ina bunús le gníomhaíocht feirmeoireachta beostoic agus táthar ina bun ar an dá oileán. Tá an fásra féaraigh ar an dá oileán an-chosúil lena chéile. Tá limistéir féaraigh mhóra in Limnos a chlúdaíonn an tríú cuid de limistéar iomlán an oileáin. Tá clúdach tiubh tom ar thart ar 25 % de thalamh féaraigh an oileáin. Tá an fásra sna limistéir seo íseal, an-fhairsing agus an-scaipthe. Buirnéad deilgneach is mó atá ann, chomh maith le tím agus líon mór de phlandaí aramatacha.

Tá cumas féaraigh suntasach ar fhéarach Limnos agus Agios Efstratios agus baineann siad tairbhe as éagsúlacht plandaí aramatacha a bheith ann. Mar thoradh air sin, tá táirgí feola ina bhfuil tréithe orgánaileipteacha faighte sa tsail arna sainiú ag an éagsúlacht plandaí aramatacha agus plandaí eile san fhéarach. Dá bhrí sin, is trí rochtain fhairsing na n-ainmhithe ar fhéarach a chinntear cáilíocht agus saintréithe orgánaileipteacha an táirge.

Éascaíonn tír-raon bog an limistéir chríochaithe, ina bhfuil mhachairí ísle, rochtain éasca ar fhéarach in aice leis na háiseanna tithíochta traidisiúnta. Dá bhrí sin, níl mórán brú ar na hainmhithe, agus is féidir leo i bhfad níos mó saill ionmhátanach a stóráil ná mar is féidir le hainmhithe eile den chineál céanna agus is féidir leo mais mhatán a fhorbairt.

Go sonrach, itheann na caoirigh a bhíonn ar féarach ar oileáin Limnos agus Agios Efstratios éagsúlacht shaibhir de phlandaí agus luibheanna inite aramatacha. Mar thoradh ar mhéid bheag na hoileáin, ní gá dóibh dul i bhfad chun bia a fháil.

Mar gheall ar na dálaí aeráide, is féidir leis na hainmhithe cónaí taobh amuigh ar na féaraigh, seachas i dtithíocht beostoic, ó cheann ceann na bliana. Dá bhrí sin, tar éis na tréimhse beathaithe ar bhainne amháin, bíonn rochtain ag na huain ar fhéarach go dtí go maraítear iad. Tá cion ard saille na bhfíochán inite mar gheall ar innilt. Is é saorinnilt is mó atá i réim bia an ainmhí.

Tá teacht ag na caoirigh fhásta ar fhéarach ó cheann ceann na bliana, nach mór, mar a bhíonn ag na huain ar feadh na tréimhse idir scoitheadh agus marú. Is é an meascán sin d'innilt dhíreach ar fhásra saibhir an dá oileán agus an tréimhse fhada ar an diúl le hainmhithe a tógadh de réir an mhodha leathfhairsing a thugann cáilíocht na feola agus a saintréithe sainiúla dó, mar gurb é an toradh air go bhfuil conablaigh ann a bhfuil mais mhatánach leordhóthanach agus saill ionmhátanach acu.

Tá éifeacht dhíreach ag cainníocht na saille ionmhátanaí i bhfeoil “Arnaki Limnou” ar mhéid agus ar uigeacht taise na feola agus ar a blas agus ar an dea-bholadh a scaoiltear le linn cócaireachta.

Tá céannacht an táirge, ag a bhfuil tsonraíocht “Arnaki Limnou”, bunaithe ar an modh feirmeoireachta leathfhairsinge, saorinnilt agus na cleachtais thraidisiúnta a úsáideann feirmeoirí beostoic. An t-éileamh ar an táirge “Arnaki Limnou”, lena ngabhann na saintréithe cineálta a dtuairiscítear orthu, is spreagadh é sin chun na cleachtais feirmeoireachta beostoic sin a chaomhnú d'fhonn na saintréithe sin a ráthú.

Cuireann an méid sin uile le cáilíocht chineálta agus tréithe orgánaileipteacha taitneamhacha feoil “Arnaki Limnou” a bhfuil a cáil mar thoradh orthu. Tá an táirge nasctha le traidisiún gastranamaíochta na n-oileán, áit a bhfuil oidis áitiúla ar nós uan “kaspakino” i measc rogha an phobail áitiúil agus turasóirí araon.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

http://www.minagric.gr/images/stories/docs/agrotis/POP-PGE/2021/prodiagrafes_arnaki_limnou150222.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)